



An Coimisiún Um Athchóiriú an Dlí

THE LAW REFORM COMMISSION

AN SEACHTÚ TUARASCÁIL BHLIANTÚIL IS FICHE 2005



An Coimisiún Um Athchóiriú an Dlí

THE LAW REFORM COMMISSION

Rory Brady SC
Ard-Aighne
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2


14 Samhain 2006

A Ard-Aighne, a chara

De réir Alt 6 den *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*, tá sé d'onóir agam, thar ceann an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí, an **Séachtú Tuarascáil is Fiche (2005)** de chuid an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí a chur i do láthair.

Clúdaíonn sé an tréimhse ó 1 Eanáir 2005 go Nollaig 2005.

Mise le meas,



John Quirke
Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin

CLÁR ÁBHAIR

RÉAMHFHOCAL		6
AN COIMISIÚN: COIMISINÉIRÍ AGUS FOIREANN		8
CAIBIDIL 1	LÉARGAS GINEARÁLTA AR OBAIR AN CHOIMISIÚIN I 2005	10
	30 Bliain d’Athchóiriú Dlí	10
	Feidhmeanna an Choimisiúin	10
	Straitéis agus Plean Gnó	11
	Modhanna Oibre agus Próiseas Comhairliúcháin	11
	An Dara Clár Athchóirithe Dlí	12
	Tarchuir ón Ard-Aighne	13
CAIBIDIL 2	FOILSEACHÁIN AN CHOIMISIÚIN AGUS CLÁR ROLLACH AN CHOIMISIÚIN DO 2005	15
	Réamhrá	15
	An Córas Dlí	15
	Dlí na Fianaise	16
	Dlí Riaracháin	16
	Dlí Coiriúil	17
	Dlí Talún agus Tíolacadh	18
	Grúpaí Soghonta agus an Dlí	20
	Dlí an Teaghlaigh	21
	Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí	21
CAIBIDIL 3	RIARACHÁN	22
	Réamhrá	22
	An Coimisiún	22
	Foireann Riaracháin	23
	Taighde agus Leabharlann	24
	Airgeadas	25
	Aguisín A: An Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007	26
	Aguisín B: Grúpaí Oibre	30
	Aguisín C: Comhdhálacha agus Cuirteanna	32
	Aguisín D: Liosta d’Fhoilseacháin an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí	34

RÉAMHFHOCAL

Tá an-áthas orm, thar ceann mo chomhghleacaithe sa Choimisiún, Tuarascáil Bhlantúil an Choimisiúin do 2005, bliain a raibh tábhacht faoi leith léi don Choimisiún, a chur i láthair. I rith 2005 rinne an Coimisiún tuilleadh dul chun cinn tábhachtach tríd an *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000 go 2007*, le foilsiú 6 Thuarascáil agus 4 Pháipéar Comhairliúcháin. Freisin ba í bliain chomórtha 30 bliain bhunú an Choimisiúin í, agus bhí ríméad orainn gur thoiligh an t-iar-Phríomh-Bhreitheamh agus iar-Uachtarán an Choimisiúin, an Breitheamh Ronan Keane an ócáid a chomóradh trí léacht phoiblí a thabhairt faoin teideal *Tríocho Bliain d’Athchóiriú Dlí: 1975 go 2005*.

Tugann foilsiú na Tuarascála Bliantúla seo an deis dom freisin ómós a thabhairt do mo réamhtheachtaí, an Breitheamh Declan Budd, a chuir críoch lena théarma oifige i Feabhra 2005. Is maith is eol dom go raibh Declan thar a bheith tiomanta d’obair an Choimisiúin ó ceapadh ina Uachtarán é i 2000. I rith an ama sin – in éineacht lena chomhghleacaithe sa Choimisiún – chinntigh sé gur lean an dea-chlú a bhí ar an gCoimisiún, agus freisin faoina mhaoirseacht tháinig méadú mór ar aschur foilsithe an Choimisiúin. Is fios dom go háirithe gur chuir a chuid eolais ar bhunphrionsabail dlí, mar aon le an-aire do mhionsonraí, go mór le hobair an Choimisiúin le linn a thréimhse oifige.

Sa bhliain 2005 freisin chuir an Dr Hilary Delany críoch lena dara téarma mar Choimisinéir. Le linn a dá théarma, chuidigh Hilary leis an gCoimisiún mar a bheifí ag súil leis sna na réimsí saineolais as a bhfuil sí aitheanta, go háirithe i gcothromas, iontaobhais, cleachtas agus nós imeachta lena n-áirítear, ní mór dom a lua, athbhreithniú breithiúnach. Ach bhí sí tiomanta go dílis freisin do gach réimse d’obair an Choimisiúin. Go deimhin, tá ríméad ar leith orm gur thoiligh sí páirt leanúnach a bheith aici i dtionscadal an Choimisiúin ar chomhdhlúthú agus athchóiriú Achtanna na gCúirteanna, ábhar ar a bhfuil saothar suntasach foilsithe aici cheana féin. Tá an té a thóg áit Hilary mar Choimisinéir, Donal O’Donnell, AS, tar éis dul i bhfeidhm go mór cheana féin ar imeachtaí an Choimisiúin, agus táim féin agus mo chomhghleacaithe ag tnúth go mór lena pháirtíocht leanúnach san obair thábhachtach atá idir lámha againn.

Is bunchuspóir de chuid an Choimisiúin é a chinntiú go leanfaidh sé de bheith ag cur i gcrích go caighdeán ard a scrúdú ar na réimsí dlí atá aitheanta sa *Dara Clár Athchóirithe Dlí*, agus freisin na nithe sin faoina bhfaigheann an Coimisiún iarratais shonracha ón Ard-Aighne faoin *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*. Creidim féin agus mo chomhghleacaithe ar an gCoimisiún gur bhain ár 6 Thuarascáil agus 4 Pháipéar Comhairliúcháin a foilsíodh i 2005 an cuspóir sin amach. Ba mhaith liom díreach trí cinn díobh sin a lua anseo.

Chuir foilsiú *Thuarascáil ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún agus Dlí Tíolactha* an Choimisiúin críoch le blianta fada oibre laistigh den Choimisiún ar dlí talún agus dlí tíolactha. – réimse mórtábhacta don phobal ar fad nach mór. De réir chleachtas an Choimisiúin, bhí dréacht de *Bhille Dlí Talún agus Tíolactha* sa Tuarascáil chun feidhm a thabhairt dá moltaí. Nuair a foilsíodh Tuarascáil 2005, d’iarr an tArd-Aighne agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar an gCoimisiún leanúint ar aghaidh ag cuidiú le Bille a ullmhú chun feidhm a thabhairt dá moltaí, agus bhí an Coimisiún thar a bheith sásta aontú leis sin. Mar thoradh ar an obair bhreise sin d’fhoilsigh an Rialtas an *Bille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2006*, a chuimsíonn príomh-eilimintí Thuarascáil an Choimisiúin.

Scrúdaigh *Tuarascáil ar Fhiosrúcháin Phoiblí Lena nÁirítear Binsí Fiosrúcháin* an Choimisiúin, a foilsíodh i mí na Bealtaine, réimse eile ar cas leis an bpobal é. D’aithin an Tuarascáil an obair an-luachmhar atá déanta ar na Binsí Fiosrúcháin éagsúla a bunaíodh le blianta beaga anuas, agus mhol sí athchóiriú thar réimse leathan ábhar, a éascódh, bheadh súil ag an gCoimisiún, éifeachtúlacht leanúnach bhinsí dá leithéidí sa todhchaí. Chuir an Coimisiún Bille cuimsitheach athchóirithe, *Bille um Binsí Fiosrúcháin*, leis an Tuarascáil, agus bhí áthas ar an gCoimisiún go

gcuimsíonn an *Bille um Binsí Fiosrúcháin 2005*, atá faoi bhráid an Oireachtais anois, príomh-
eilimintí dhréacht-Bhille an Choimisiúin.

Níor mhiste dom *Tuarascáil ar Bhunú Bhunachar Sonraí DNA* an Choimisiúin, a foilsíodh i mí na Samhna, a lua freisin. D'éirigh sé sin as iarratas ón Ard-Aighne i 2003 go scrúdódh an Coimisiún ceist bhunú Bhunachar Sonraí DNA. Aithníonn an Coimisiún ina Thuarascáil gur thug bunachair shonraí DNA i dtíortha eile buntáistí tábhachtacha don tsochaí i bhfiosrú coireachta. Scrúdaigh an Coimisiún freisin, mar a d'iarr an tArd-Aighne, cé chomh fada agus a chruthódh bunachar sonraí DNA rioscaí poitéinsiúla do chearta bunreachtúla agus cearta daonna. Tá faoi Thuarascáil an Choimisiúin teacht ar chothromaíocht idir an dá leas coinbhleachtúil sin. Nótálann an Tuarascáil gur chruthaigh bunachair shonraí DNA teoranta an-éifeachtach i dtíortha eile agus mhol an Tuarascáil dá réir sin go mbunófaí bunachar sonraí teoranta.

Tuigeann an Coimisiún go maith go bhfuil sé ag feidhmiú i sochaí atá ag athrú go han-tapaidh. Agus é ag tarraingt ar an dá bhliain dheireanach den *Dara Clár Athchóirithe Díl* ní mór dó ullmhú i roinnt slite do dhúshláin Chláir nua, *An Tríú Clár Athchóirithe Díl*. Dá bharr sin, thug an Coimisiún i rith na bliana faoi athbhreithniú mion ar a straitéis agus eagraíocht go hiomlán. Mar thoradh ar sin cheadaigh an Coimisiún go luath i 2006 a *Ráiteas Straitéise 2006-2008*, ina leagtar amach bunchuspóirí an Choimisiúin do na trí bliana atá le teacht.

Ag deireadh ba mhaith liom a rá nach bhféadfadh an Coimisiún a chuspóirí a chur i gcrích gan tacaíocht ó réimse leathan daoine, go himheánach agus go seachtrach. Tá foireann dhícheallach – taighde agus riaracháin - ag an gCoimisiún a chuireann an tacaíocht riachtanach ar fáil d'fhonn a chinntiú go bhfuil obair an Choimisiúin ar chaighdeán an-ard. Cuireann iarrachtaí deonacha – go háirithe comhairle agus cúnamh – ó na grúpaí ar fad lena mbíonn an Coimisiún i gcomhairle, lena n-áirítear baill do na Grúpaí Oibre atá bunaithe ag na gCoimisiún, go mór leis sin. Tá an Coimisiún buíoch freisin as an dea-chomhoibriú atá ar fáil ó na Ranna Rialtais lena mbímid ag plé, agus thar a bheith buíoch as an tacaíocht leanúnach ón Ard-Aighne agus ó Ard-Rúnaí Oifig an Ard-Aighne agus a bhfoireann.

Catherine McGuinness
UACHTARÁN

AN COIMISIÚN: COIMISINÉIRÍ AGUS FOIREANN

Ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí tá Uachtarán, aon
Choimisinéir lánaimseartha amháin agus triúr Coimisinéirí páirtaimseartha

An Breitheamh Onórach Catherine Uasal McGuinness

*Breitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí
Uachtarán ó Fheabhra 2005*

An Breitheamh Onórach Declan Uasal Budd

*Breitheamh de chuid na hArdchúirte
Uachtarán go dtí Feabhra 2005*

Patricia T. Rickard-Clarke

*BCL, Aturnae
Coimisinéir Lánaimseartha*

An tOllamh Finbarr McAuley

*BCL, LLB, MPhil, LLD, Ollamh Jean Monnet le Dlí Coiriúil, An Coláiste Ollscoile,
Baile Átha Cliath Coimisinéir Páirtaimseartha*

Marian Shanley

*BCL, Aturnae, Comhalta den Choimisiún chun
Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú Coimisinéir Páirtaimseartha*

Donal O'Donnell

*Abhcóide Sinsearach
Coimisinéir Páirtaimseartha ó Mheitheamh 2005*

Dr Hilary A Delany

*BA, M Litt, PhD, Abhcóide, Ceann Scoil an Dlí, Léachtóir Sinsearach le
Dlí, Coláiste na Tríonóide Coimisinéir Páirtaimseartha go dtí Bealtaine 2005*

John Quirke

Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin

FOIREANN AN CHOIMISIÚIN I 2005

Stiúrthóir Taighde:

Raymond Byrne

BCL, LLM, Abhcóide

ar iasacht ó Scoil an Dlí agus Rialtais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Taighdeoirí Dlí:**

Deirdre Ahern LLB, LLM (Cantab), Aturnae

Alan Brady LLB (BÁC), LLM (Lond), Attorney-at-Law (NY)

Patricia Brazil LLB, Abhcóide

Claire Bruton LLB, LLM (Lond), Abhcóide

Ronan Flanagan LLB, LLM (Cantab)

Roberta Guiry BCL, LLM (NUI)

Rosemary Healy-Rae, AITI, Abhcóide

Orla Joyce BCL, LLM (Cantab)

Darren Lehane BCL, LLM (NUI)

Claire McAvinchey BCL, LLM (Glasgow)

Aoife McCarthy BCL, LLM (NUI), Barrister-at-Law

Jane Mulcahy BCL (Law and German), LLM (NUI)

Catherine-Ellen O’Keeffe LLB, LLM (NUI)

Sinéad Ring BCL (Dlí agus Gearmáinis), LLM (NUI)

Mary Townsend BCL, LLM (NUI)

Aisling Wall BCL, LLM (Cantab)

Foireann Riaracháin:

Bainisteoir Tionscadail: Pearse Rayel

Oifigeach Feidhmiúcháin: Denis McKenna

Bainisteoir Eolais Dlí: Conor Kennedy, BA, H Dip LIS

Catalógaí: Eithne Boland, BA (Hons), H Dip Ed, H Dip LIS

Oifigeach Theicneolaíocht Eolais: Liam Dargan

Oifigigh Cléireachais: Alan Bonny agus Debbie Murray

* Fostaítear taighdeoirí ar chonarthaí gearrthéarmacha. Tá údarás ag an gCoimisiún faoi láthair ochtar taighdeoirí lánaimseartha a fhostú.

CAIBIDIL 1

LÉARGAS GINEARÁLTA AR OBAIR AN CHOIMISIÚIN I 2005

30 BLIAIN D'ATHCHÓIRIÚ DLÍ

I 2005, rinne an Coimisiún comóradh ar chothrom 30 bliain a bhunaithe. In ómós don chloch mhíle sin, d'iarr an Coimisiún ar an mBreitheamh Uasal Ronan Keane, iar-Uachtarán an Choimisiúin (1987 go 1992) agus iar-Phríomh-Bhreitheamh (2000 go 2004), léacht phoiblí a thabhairt ar théama an athchóirithe dlí, rud a bhí sé sásta a dhéanamh. Ar an 23 Meitheamh tugadh an léacht, 'Tríocha Bliain d'Athchóiriú Dlí 1975-2005,' ag Teach Farmleigh, Baile Átha Cliath. Tugadh cuireadh chun an léachta do dhaoine a bhí bainteach leis an gCoimisiún le 30 bliain anuas agus freisin d'ionadaithe ó chomhlachtaí athchóirithe dlí eile. Bhí an Coimisiún thar a bheith buíoch freisin gur chuir an Taoiseach tús foirmiúil leis an himeachtaí (tá aitheasc le fáil ag www.taoiseach.ie). Ina léacht rianaigh an Breitheamh Uasal Keane stair an athchóirithe dlí go ginearálta agus chuir sé ról an Choimisiúin mar chomhlacht athchóirithe dlí i gcomhthéacs ról reachtóireachta – agus, dá bhrí sin, athchóirithe dlí – an Oireachtais. Léirigh sé freisin cuid d'eilimintí bunúsacha chomhlachtaí rafara athchóirithe dlí, lena n-áirítear neamhspleáchas agus an gá go mbeadh moltaí le haghaidh athchóirithe ábhartha do riachtanais na sochaí. Nótáil sé freisin an dúshlán faoi leith atá ann d'aon chomhlacht athchóirithe dlí i sochaí atá ag athrú go tapaidh: a chinntiú go dtéann sé i mbun chomhairliúcháin fhorleathan a shíneann thar gairm an dlí go réimse grúpaí agus daoine aonair ag a bhfuil leas nó saineolas speisialta i gceist ábhartha. Ag deireadh nótáil sé go bhfuil dualgas leanúnach ar an gCoimisiún 'a chinntiú go gcuireann a chuid oibre le corpas dlí atá cothrom, inrochtana agus ábhartha do riachtanais shochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann.' Tá téacs iomlán léacht an Bhreithimh Uasal Keane le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, www.lawreform.ie.

FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN

Mar a nótáil an Breitheamh Uasal Keane ina léacht, is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún ag a bhfuil sé mar phríomhaidhm an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú agus moltaí praiticiúla a dhéanamh chun é a athchóiriú. Deir Alt 4 (1) den *Acht Fán gCoimisiúin um Athchóiriú an Dlí 1975*:

“Coimeádfaidh an Coimisiún an dlí faoi bhreithniú agus déanfaidh sé, de réir fhorálacha an Achta seo, scrúduithe a ghabháil de láimh agus taighde a sheoladh d'fhonn an dlí a athchóiriú, agus tograí a leagan amach le haghaidh athchóiriú an dlí”

Déantar socrú agus stiúradh ar ábhar taighde an Choimisiúin ar dhá phríomhbhealach.

Faoi Chlár Athchóirithe Dlí

Faoi Alt 4(2)(a) d'Acht 1975 ní foláir don Choimisiún, i gcomhairle leis an Ard-Aighne, clár a ullmhú ó am go céile chun brainsí éagsúla den dlí a scrúdú, d'fhonn iad a athchóiriú. Nuair a bhíonn a leithéid de chlár faofa ag an Rialtas, déanfaidh an Coimisiún scrúdú agus taighde ar na hábhair atá leagtha amach ann agus, más cuí, déanfaidh sé tograí le haghaidh athchóiriú ar an dlí sna réimsí sin a leagan amach agus a chur faoi bhráid an Taoisigh faoi Alt 4(2)(b). Tá dhá Chlár dá leithéid faofa ag an Rialtas. Bhí an Chéad Chlár Athchóirithe Dlí in áit idir 1975 agus 2000. Cuireadh An Dara Clár Athchóirithe Dlí, a fhaomhaigh an Rialtas i Nollaig 2000, ina áit sin agus is clár 7 mbliana é atá le rith go dtí 2007. Tá téacs iomlán an Dara Clár in Aguisín A.

Trí tharchuir ón Ard-Aighne

Forálann Alt 4(2)(c) d'Acht 1975 gur féidir leis an Ard-Aighne iarratas a dhéanamh ar an gCoimisiún scrúdú agus taighde a dhéanamh ar bhrainse áirithe den dlí agus, freisin, a iarraidh go gcuirfí tograí le haghaidh athchóirithe sa bhrainse sin faoina bhráid. Ní foláir don Choimisiún a leithéid d'iarratas a chomhlíonadh cibé a n-áirítear nó nach n-áirítear an brainse sin sa chlár a bheidh curtha ag an gCoimisiún faoi bhráid an Rialtais agus faofa ag an Rialtas.

RÁITEAS STRAITÉISE AGUS PLEAN GNÓ

I 2005 chuir an Coimisiún tús le próiseas chun Ráiteas Straitéise agus Plean Gnó a fhorbairt a chlúdódh an tréimhse 2006 go 2008, agus cuireadh bailchríoch orthu sin go luath i 2006. Déanfaidh an Coimisiún cur síos ar eilimintí bunúsacha an Ráitis Straitéise agus Plean Gnó ina Thuarascáil Bhliantúil do 2006. Tháinig na doiciméid sin in áit Straitéis agus Plean Gnó an Choimisiúin 2003-2005, a lean ón Straitéis agus Plean Gnó roimhe sin, a dréachtaíodh i 1998 agus a chlúdaigh an tréimhse 1999-2002. Nótálann Straitéis agus Plean Gnó 2003-2005 an tábhacht atá le clár athchóirithe dlí a bheadh cuimsitheach agus ag breathnú ar aghaidh agus an gá atá le modhanna oibre reatha a chur in oiriúint chun na spriocanna atá leagtha síos sa Dara Clár Athchóirithe Dlí a bhaint amach.

MODHANNA OIBRE AGUS PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

Tá Tuarascálacha agus Páipéir Chomhairliúcháin an Choimisiúin bunaithe ar thaighde chúramach chríochnúil. Le linn taighde ar aon cheist, breithnítear ar dhlí cásanna, reachtaíocht, dlí-eolaíocht agus scríbhinní acadúla, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta. Tugann an Coimisiún aird ar leith ar dhlíthe dhlínsí chomparáideacha, mar aon le moltaí a bheadh déanta ag comhlachtaí athchóirithe dlí sna dlínsí sin. Airíonn an Coimisiún freisin go bhfuil sé tábhachtach a chinntiú go mbeadh aon mholtaí le haghaidh athchóirithe féamhaithe i gcleachtas. Le linn dó a bheith ag ullmhú moltaí, bíonn comhairliúcháin neamhfhoirmiúla ag an gCoimisiún le cleachtóirí dlí, agus freisin le daoine gairmiúla ábhartha eile agus comhlachtaí ionadaíochta. Tugtar aitheantas do na léargais phraiticiúla a thugann na teagmhálacha sin i bhfoilseacháin an Choimisiúin.

Modheolaíocht

Chun na spriocanna atá leagtha síos sa Dara Clár Athchóirithe Dlí a bhaint amach, cinntíonn an Coimisiún go gcuirtear gach tionscadal faoi chúram Thaighdeora a bhíonn ag obair faoi threoir ghinearálta an Stiúrthóra Taighde. Baineann an Coimisiún úsáid freisin as Grúpaí Oibre, a gcuireann a gcuid ball saineolas ar fáil ar bhonn deonach, i réimsí ina bhfuil ionchur suntasach saineolaíochta riachtanach. Tá liosta Grúpaí Oibre agus a mballraíocht in Aguisín B.

I bhfianaise na castachta a bhaineann le cuid de na ceisteanna a thagann aníos, téann an Coimisiún i gcomhairle go rialta le saineolaithe i réimsí ar leith eolais dlí agus eolais ghairmiúil eile ar ábhar ar leith. Téann an Coimisiún i mbun a chuid oibre ar bhonn Chlár Rollach Oibre ina mbíonn spriocdhátaí chun céimeanna éagsúla den obair a bhaint amach. D'fhonn cuidiú leis an gCoimisiún monatóireacht a dhéanamh ar na spriocanna sin a bhaint amach, déantar athbheithnithe rialta ar an gClár Oibre. Tá cur síos i gCaibidil a 3 ar an obair a bhí idir lámha ag an gCoimisiún i 2005.

An Próiseas Comhairliúcháin

Tá tábhacht lárnach sa phróiseas comhairliúcháin d'obair an Choimisiúin. D'fhéadfadh an comhairliúchán a bheith i bhfoirmeacha éagsúla. I gcéimeanna tosaigh a chuid taighde b'fhéidir go mbuailfeadh an Coimisiún le saineolaithe nó cleachtóirí a bhíonn ag obair i réimse ar leith, nó ionadaithe grúpaí sainleasa. Ansin, i bhformhór na gcásanna ullmhóidh an Coimisiún Páipéar Comhairliúcháin (ar a dtugtaí Páipéar Oibre suas go dtí 1985), agus le blianta beaga anuas

foilseofar i gcónaí é (i mblianta roimhe sin, scaip an Coimisiún Páipéar Oibre ó am go chéile ar shaineolaithe nó cleachtóirí ábhartha amháin). Lorgóidh an Coimisiún aighneachtaí i scríbhinn ó pháirtithe leasmhara maidir leis na moltaí sealadacha sa Pháipéar Comhairliúcháin. Cuirfear na haighneachtaí sin san áireamh agus an Tuarascáil dheiridh ar an ábhar á dréachtú, agus déileálfar sa Tuarascáil le haon ábhair imní nó ceisteanna a ardaíonn siad. Roimh Thuarascáil a dhréachtú, reáchtáiltear seimineár agus d'fhéadfadh an Coimisiún cuireadh a thabhairt chuige do pháirtithe leasmhara, nó dóibhsean a rinne aighneachtaí.

I mí Iúil, reáchtáil an Coimisiún seimineár maidir lena Pháipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh.

Ó 2000, is gnách leis an gCoimisiún Dréacht-Bhille a chur le gach Tuarascáil ina ndéanann sé moltaí le haghaidh athruithe reachtaíochta.

Cumarsáid le Coiste Comhairleach agus le Ranna Rialtais

Tá a bhfreagrachtaí féin ar ranna rialtais i leith réimsí dlí laistigh dá ndlínsí, agus uaireanta trasnaíonn siad sin agus nithe a bhíonn clúdaithe ag Clár an Choimisiúin nó ag tarchuir ón Ard-Aighne a chéile. Is é cleachtas an Choimisiúin le blianta fada a bheith i dteagmháil le ranna rialtais faoi na tionscadail a bhfuil siad ag obair orthu i láthair na huairé nó ar dócha go mbeidh siad ag obair orthu amach anseo. I 1998, bhunaigh an Rialtas Coiste Comhairleach faoi choimirce Oifig an Ard-Aighne, ar a mbíonn ionadaithe ó ranna áirithe rialtais, Comhairle an Bharra in Éirinn, Cumann Dlí na hÉireann, agus ón gCoimisiún.

Tá socrú ag an gCoimisiún freisin leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, do chruinnithe débhlantúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar ábhair comhleasa, i gcúrsaí dlí, coiriúil agus sibhialta. Cuireann na cruinnithe sin ar chumas an Choimisiúin agus na Roinne eolas a bheith acu ar cheisteanna a bhíonn faoi chaibidil acu agus ar dhul chun cinn sa phróiseas reachtaíochta.

Cruinnithe le Coiste Oireachtais

Ó 1998, bhí cruinnithe tréimhsiúla ag an gCoimisiún leis an gComhchoiste Oireachtais ar Cheartas, Comhionannas, Cosaint agus Cearta Ban chun clár oibre an Choimisiúin a phlé. Is mór ag an gCoimisiún na cruinnithe leis an gCoiste.

Comhdhálacha, Cuairteanna agus Teagmhálacha leis na Meáin

Bíonn Coimisinéirí ag freastal ar agus rannpháirteach i seimineáir agus comhdhálacha poiblí go rialta faoi réimsí taighde bainteach leis an Dara Clár agus Clár Rollach Oibre an Choimisiúin. Coinnítear teagmhálacha le comhlachtaí athchóirithe dlí freisin trí fhreastal ar sheimineáir ábhartha agus trí chuirteanna ó chomhlachtaí athchóirithe dlí eile. Ina theannta sin, déantar nuacht agus preas-eisiúintí a dháileadh ar na meáin nuair a bhíonn Páipéar Comhairliúcháin á fhoilsiú. Go ginearálta, gníomhaíonn an Stiúrthóir Taighde mar urlabhraí meán don Choimisiún. Tá sonraí maidir le comhdhálacha a ndearnadh freastal orthu agus cuairteanna go dtí agus ó chomhlachtaí athchóirithe in Aguisín C.

AN DARA CLÁR ATHCHÓIRITHE DLÍ

De réir an nós imeachta atá leagtha síos in alt 4(2)(a) den *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*, d'fhaomhaigh an Rialtas an Dara Clár Athchóirithe Dlí i Nollaig 2000. Tá an téacs iomlán le fáil in Aguisín A. Aithníonn an Dara Clár os cionn 30 ábhar rangaithe faoi bhraintí difriúla den dlí i gcomhair scrúdaithe d'fhonn iad a athchóiriú. Is féidir iad sin a rangú faoi na ceanteidil seo a leanas:

- 1 An Córas Dlí
- 2 Dlí na Fianaise

- 3 Dlí Riaracháin
- 4 Dlí Coiriúil
- 5 Dlí Talún agus Tíolacadh
- 6 Grúpaí Soghonta agus an Dlí
- 7 Dlí Teaghlaigh
- 8 Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí

Chomh maith le os cionn 30 ábhar ar leith a leagadh síos i gcomhair scrúdaithe, nótáil an Dara Clár, dá bhfeicfí go raibh gá le hathchóiriú dlí in aon réimse laistigh de na brainsí ginearálta dlí a leagadh síos thuas, go dtabharfaidh an Coimisiún, más cuí, agus faoi réir theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil dó, na moltaí riachtanacha chun tosaigh. Go háirithe, nótáil an Dara Clár go bhfuil leas leanúnach ag an gCoimisiún i gcódú an dlí agus go bhfuil sé de rún aige aghaidh a thabhairt ar cheist na códaíochta i dtaca le nithe a thiteann laistigh de bhraintí dlí atá leagtha síos sa Chlár seo de réir mar is cuí. Sna réimsí sin ar fad, nótálann an Dara Clár go dtabharfaidh an Coimisiún aird, mar is cuí, ar ghníomhaíochtaí chomhlachtaí oifigiúla eile a bhfuil leas acu in athchóiriú dlí, an tSeirbhís Chúirteanna san áireamh, agus go mbeidh sé réidh le comhoibriú a dhéanamh leo.

Nótálann an Dara Clár go raibh an Coimisiún páirteach in idirbheartú agus in ullmhú comhaontaithe éagsúla idirnáisiúnta, go háirithe i réimse an dhlí phríobháidigh idirnáisiúnta (easaontacht na ndlíthe), lena n-áirítear a bhforfheidhmiú i ndlí na hÉireann. D'fhoilsigh an Coimisiún líon mór Tuarascálacha maidir le forfheidhmiú Coinbhinsiún a d'ullmhaigh UNIDROIT, UNCITRAL agus Comhdháil na Háige ar an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta. Tuigean an Coimisiún gur gá a chinntiú go bhfuil aon mholtaí i gcomhair athchóirithe i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Stáit sa réimse sin.

TARCHUIR ÓN ARD-AIGHNE

I 2005, d'fhoilsigh an Coimisiún *Tuarascáil ar Bhunú Bhunachar Sonraí DNA* (LRC 78-2005), a lean a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Bhunú Bhunachar Sonraí DNA* (LRC CP 29-2004). Ba thoradh iad sin ar iarratas a rinne an tArd-Aighne i 2003, faoi alt 4(2)(a) d'Acht 1975, breithniú a dhéanamh ar bhunú Bhunachar Sonraí DNA.

I Samhain 2005, d'iarr an tArd-Aighne ar an gCoimisiún athchóirithe a bhreithniú agus a mholadh i dtaca le: (1) stádas agus cearta (lena n-áirítear cearta saoránachta) linbh a shaolaítear lasmuigh den stát atá ina ábhar ordúithe uchtála eachtrach i bhfabhar shaoránaigh nó saoránach de chuid na hÉireann; (2) an bealach is éifeachtúla le feidhmiú dualgas bunreachtúil agus dlíthiúil na dtuismitheoirí uchtála i leith an linbh sin a chomhlíonadh; (3) an bealach is éifeachtúla le comhlíonadh dhualgais an Stáit i leith an linbh sin ag éirí as Airteagail 40.3 agus 42.5 den Bhunreacht a chinntiú. Tá tús curtha ag an gCoimisiún le hobair ar an iarratas sin.

FOILSEACHÁIN AN CHOIMISIÚIN I 2005

I 2005, d'fhoilsigh an Coimisiún 6 Thuarascáil, 4 Pháipéar Comhairliúcháin agus Léacht in ómós do Chomóradh 30 Bliain an Choimisiúin. Ba iad sin:

- *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí Iontaobhais – Moltaí Ginearálta* (LRC CP 35-2005) (Feabhra 2005)
- *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí Iontaobhas Carthanais – Moltaí Ginearálta* (LRC CP 36-2005) (Feabhra 2005)
- *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhaoine Fásta Soghonta agus an Dlí: Inniúlacht* (LRC CP 37-2005) (Bealtaine 2005)
- *Tuarascáil ar Fhiosrúcháin Phoiblí Lena nÁirítear Binsí Fiosrúcháin* (LRC 73-2005) (Bealtaine 2005)
- *Tríocha Bliain d'Athchóiriú Dlí 1975-2005* (Léacht leis an mBreitheamh Uasal Ronan Keane in ómós do Chomóradh 30 bliain an Choimisiúin) (Meitheamh 2005)

- *Tuarascáil ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún agus Dlí Tíolactha* (LRC 74-2005) (Iúil 2005)
- *Tuarascáil ar Bhosca Déirce na Cúirte: Promhadh Ciontóirí* (LRC 75-2005) (Meán Fómhair 2005)
- *Tuarascáil ar Dhlíthíocht Il-Pháirtí* (LRC 76-2005) (Meán Fómhair 2005)
- *Tuarascáil ar Mharú Corparáideach* (LRC 77-2005) (Deireadh Fómhair 2005)
- *Tuarascáil ar Bhunú Bhunachar Sonraí DNA* (LRC 78-2005) (Samhain 2005)(*)
- *Páipéar Comhairliúcháin ar Struchtúir Dhlíthiúla do Charthanais* (LRC CP 38-2005) (Nollaig 2005)

Tá foilseacháin a d'eascair as tarchuir ón Ard-Aighne marcáilte le réiltín(*).

Tugann Caibidil 2 den Tuarascáil seo cur síos ar na foilseacháin sin bunaithe ar chúla *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007* an Choimisiúin, agus breathnaíonn sé freisin ar chlár rollach oibre an Choimisiúin i 2005

Ar chuairt chuig Ionad Dlí an Phobail i mBaile Muna, Baile Átha Cliath, chun moltaí na gCoimisiún ar Dhaoine Fásta Soghonta agus an Dlí a phlé. (ó chlé) An tUachtarán, Coimisinéir Iáinimseartha Rickard-Clarke, Taighdeoir Dlí Deirdre Ahern agus an Stiúrthóir Taighde



CAIBIDIL 2

FOILSEACHÁIN AGUS CLÁR ROLLACH OIBRE AN CHOIMISIÚIN I 2005

RÉAMHRÁ

Sa Chaibidil seo, déanann an Coimisiún cur síos ar ábhar a chuid foilseachán i rith 2005 agus ar eilimintí eile Chlár Rollach Oibre an Choimisiúin. Mar atá luaite i gCaibidil 1, d'aithin an *Dara Clár Athchóirithe Dlí 2000-2007* roinnt brainsí dlí i gcomhair scrúdaithe d'fhonn iad a athchóiriú:

- 1 An Córas Dlí
- 2 Dlí na Fianaise
- 3 Dlí Riaracháin
- 4 Dlí Coiriúil
- 5 Dlí Talún agus Tíolactha
- 6 Grúpaí Soghonta agus an Dlí
- 7 Dlí Teaghlaigh
- 8 Dlí Tráchtála agus Dlí na nOibleagáidí

Cuireann na brainsí sin, mar aon le haon réimsí breise chun nithe a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin ar iarratas an Ard-Aighne a chur san áireamh, bonn áisiúil ar fáil le cur síos a dhéanamh ar obair an Choimisiúin i 2005.

Tá deis ar fáil sa Chaibidil seo freisin le plé a dhéanamh ar aon fhorbairtí ábhartha i 2005 maidir le forfheidhmiú moltaí athchóirithe a rinne an Coimisiún. Tá rannóg ar leith i suíomh gréasáin an Choimisiúin, www.lawreform.ie, ina bhfuil léargas ginearálta ar fhorfheidhmiú Thuarascálacha uile an Choimisiúin, a tugtar suas go dáta ar bhonn rialta.

AN CÓRAS DLÍ

Dlíthíocht II-Pháirtí

I mí Mheán Fómhair, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Dhlíthíocht II-Pháirtí* (LRC 76-2005), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Dhlíthíocht II-Pháirtí* (LRC CP 25-2003). Baineann dlíthíocht il-pháirtí le cásanna ina mbíonn líon páirtithe páirteach i bpíosa aonair dlíthíochta. Samplaí atá ar eolas go maith in Éirinn is ea éilimh bodhaire an airm, cásanna comhionannais leasa shóisialaigh, agus éilimh risíochta aispeiste, a bhfuil tagairt dóibh sa Tuarascáil. Mhol an Coimisiún gur cheart go mbeadh aon athchóiriú sa réimse sin bunaithe ar phrionsabail chothromaíocht nós imeachta, éifeachtacht agus rochtain ar cheartas. Ba cheart, ach go háirithe, go ndéanfadh na cúirteanna cásbhainistíocht ghníomhach ar na cásanna sin, ag teacht leis an gclaonadh ginearálta i dtreo athchóiriú ar nós imeachta sibhialta. Mhol an Tuarascáil go dtabharfaí isteach nós imeachta ar a dtabharfaí Caingean II-Pháirtí (CIP). D'oibreodh an CIP mar uirlis sholúbtha chun déileáil i dteannta a chéile le cásanna atá sách cosúil.

Athchóiriú agus Comhdhlúthú ar na hAchtanna Cúirteanna

I Meán Fómhair 2005, thosaigh an Coimisiún ar thionscadal chun na hAchtanna Cúirteanna a athchóiriú agus a chomhdhlúthú, tá suas le 100 Acht i gceist agus bhí líon mór acu ann sular bunaíodh an Stát. Ó 1922, d'achtaigh an tOireachtas os cionn 60 Acht Cúirteanna, rud a chiallaíonn go bhfuil sé deacair teacht ar an dlí ábhartha. Tá an Coimisiún ag tabhairt faoi thionscadal i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an tSeirbhís Cúirteanna. Sa tslí sin, tá sé cosúil leis an gComhthionscadal ar Athchóiriú agus Nuachóiriú ar Dlí Talún agus Dlí Tíolactha, a bhfuil tagairt thíos dó. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún Páipéar Comhairliúcháin ar an ábhar sin a fhoilsiú roimh dheireadh 2006 nó go luath i 2007, lena mbeidh dréacht-théacs comhdhlúite de na hAchtanna Cúirteanna ábhartha.

Dréachtú agus Léiriúchán Reachtúil

I Nollaig 2000 d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Dhréachtú agus Léiriúchán Reachtúil: Caint Shoiléir agus an Dlí* (LRC 6.1-2000). Ba chomhfhios go háirithe don Choimisiún gur foilsíodh an Tuarascáil sin ag an am céanna leis an *mBille Léiriúcháin 2000*. Achtaíodh Bille 2000 sa deireadh thiar - le leasaithe suntasacha – mar an *tAcht Léiriúcháin 2005*, agus tháinig sé i bhfeidhm ar 1 Eanáir 2006. Nótálann an Coimisiún gur corpraíodh na bunphrionsabail a bhí sa *Tuarascáil ar Dhréachtú agus Léiriúchán Reachtúil: Caint Shoiléir agus an Dlí* in Acht 2005 (agus go raibh Meamram Míniúcháin, athruithe go dáta, le Bille 2000, mar a ritheadh é ag dhá Theach an Oireachtais i 2005, ina raibh léargas ar na hathruithe ar fad a rinneadh ar Bhille 2000 le linn dó a bheith ag dul tríd, tá sé le fáil ag www.oireachtas.ie).

DLÍ NA FIANAISE

Bunachar Sonraí DNA

I mí na Samhna, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Bhunú Bhunachar Sonraí DNA* (LRC 78-2005), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar bhunú Bhunachar Sonraí DNA* (LRC CP 29-2004). Is é atá i mBunachar Sonraí DNA ná bailiúchán próifílí DNA ginte ó shamplaí bitheolaíochta, ar féidir iad a stóráil go leictreonach le haghaidh comparáide le próifílí DNA ginte ó shamplaí a gheofaí ag láthair coire nó ó fhoinsí eile. I 2003, d'iarr an tArd-Aighne ar an gCoimisiún ceist bhunú Bhunachar Sonraí DNA a scrúdú. Aithníonn an Coimisiún ina Thuarascáil gur thug bunachair shonraí DNA i dtíortha eile buntáistí tábhachtacha don tsochaí i bhfiosrú coireachta. Scrúdaigh an Coimisiún freisin, mar a d'iarr an tArd-Aighne, cé chomh fada agus a chruthódh bunachar sonraí DNA rioscaí poitéinsiúla do chearta bunreachtúla agus cearta daonna. Tá faoi Thuarascáil an Choimisiúin teacht ar chothromaíocht idir an dá leas coinbhleachtúil sin. Nótálann an Tuarascáil gur chruthaigh bunachair shonraí DNA teoranta an-éifeachtach i dtíortha eile. Molann an Tuarascáil go mbunófaí Bunachar Sonraí teoranta agus scrúdaíonn sí an fhoirm a bheadh ar a leithéid de bhunachar sonraí DNA. Chuir an Coimisiún dréacht de *Bhille um Cheartas Coiriúil (Bunachar Sonraí DNA)* lena Thuarascáil.

Ar an 25 Eanáir 2006, cheadaigh an Rialtas dréachtú Bhille Bhunachar Sonraí DNA. Agus é ag fógairt chinneadh an Rialtais, dúirt an tAire Dlí agus Cirt go mbeadh an Rialtas 'ag breathnú go géar ar mholtaí [an Choimisiúin] agus an Bille sin á ullmhú.'

DLÍ RIARACHÁIN

Binsí Fiosrúcháin

I mí na Bealtaine, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Fhiosrúcháin Phoiblí Lena nÁirítear Binsí Fiosrúcháin* (LRC 73-2005), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Fhiosrúcháin Phoiblí Lena nÁirítear Binsí Fiosrúcháin* (LRC CP 22-2003). Scrúdaigh an Tuarascáil an dlí reatha ar fhiosrúcháin phoiblí, go háirithe binsí fiosrúcháin, agus rinne sí moltaí d'athchóiriú thar raon leathan réimsí, lena n-áirítear: conas a bhunaítear iad, conas a shocraítear téarmaí tagartha, cothromaíocht nós imeachta agus costais. Cosúil le gach Tuarascáil eile de chuid an Choimisiúin, tá dréacht-Bhille leis an Tuarascáil a chorpraíonn a moltaí le haghaidh athchóiriú reachtúil. Chuaigh an Coimisiún céim níos faide sa Tuarascáil seo agus chuir sé Bille um Binsí Fiosrúcháin, bille cuimsitheach athchóirithe agus comhdhlúite, léi féachaint le é a chur in áit na *nAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) 1921 go 2004*, a chuimsíonn, mar a nótálann an Coimisiún, 8 nAcht ar leith anois.

I mí na Samhna 2005, d'fhoilsigh an Rialtas an *Bille um Binsí Fiosrúcháin 2005*, ina bhfuil na príomheilimintí bunaithe ar an dréacht-Bhille códaithe, an *Bille um Binsí Fiosrúcháin* a foilsíodh le Tuarascáil an Choimisiúin.

DLÍ COIRIÚIL

An Dlí Dúnbhásuithe

Tá obair an Choimisiúin ar an dlí dúnbhásuithe mar chuid dá athbhreithniú ar phrionsabail ghinearálta dhliteanas coiriúil. Is é an aidhm atá le hobair an Choimisiúin sa réimse sin ná an réamhobair a dhéanamh do chódú an dlí coiriúil i ndeireadh báire, agus cuideoidh bunú an Choiste Comhairleach um Chódú an Dlí Coiriúil – faoi Chuid 14 den *Acht um Cheartas Coiriúil* 2006 – go mór leis sin.

I 2001, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Gné na hIntinne i nDúnmharú* (LRC CP 17-2001). I rith 2005, rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach in ullmhú an dara *Páipéar Comhairleach ar Dhúnbhású: Dúnorgain*, a bheidh ag plé go háirithe leis na hargóintí ar son agus in aghaidh chórais nua chun idirdhealú a dhéanamh idir dúnmharú agus dúnorgain. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún an Páipéar Comhairliúcháin sin a fhoilsiú faoi dheireadh 2006.

Marú Corparáideach

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Mharú Corparáideach* (LRC 77-2005), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Mharú Corparáideach* (LRC CP 26-2003). D'aithin an Coimisiún go bhfuil míshuaimehnas curtha in iúl nach leor an dlí mar atá sé chun déileáil le heagraíochtaí a ghníomhaíonn i slí mórfhaillíoch agus a bhíonn freagrach as bás. Is cosúil gur mar sin atá mar go n-éilíonn an dlí reatha cruthúnas go raibh aon bhainisteoir sinsearach nó stiúirthóir amháin ina "intinn cheannais," agus freagrach dá bhri sin as polasaí ábhartha na heagraíochta. Tá dhá phríomh-mholadh sa Thuarascáil. Is é an chéad cheann ná go n-achtófaí cion coiriúil reachtúil nua, *dúnorgain corparáideach*, faoina mbeadh gnóthas (mar cuideachta, comhlacht poiblí nó gnólacht comhpháirtíochta) freagrach as marú ag éirí as mórfhaillí. Is é an dara príomh-mholadh ná gur cheart go mbeadh *bainistíocht mhórfhaillíoch is trúig bháis* ina chion do bhainisteoirí sinsearacha. Chuir an Coimisiún dréacht-Bhille, an *Bille um Dhúnorgain Corparáideach* lena Thuarascáil.

Nótálann an Coimisiún go bhfuil pionóis atá méadaithe go suntasach do chionta i dtaca le teagmhais ionad oibre san *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005* (a bhaineann le fo-thacar de scóip aon chion um mharú corparáideach a mholfaí). Cuireadh in iúl i nDáil Éireann (Iml.585 Díospóireachtaí Dála col.892 (13 Bealtaine 2004)) go raibh tionchar orthu sin ag *Páipéar Comhairliúcháin ar Mharú Corparáideach an Choimisiúin* (LRC CP 26-2003), a tháinig roimh Thuarascáil 2005.

Bosca Déirce na Cúirte agus Promhadh Ciontóirí

I mí Mheán Fómhair, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuirisc ar Bhosca Déirce na Cúirte: Promhadh Ciontóirí* (LRC 75-2005), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Bhosca Déirce na Cúirte* (LRC CP 31-2004). Úsáidtear Bosca Déirce na Cúirte sa chás go bhféadfaí deis a thabhairt do dhuine a bheadh cúsithe i mionchion taifead coiriúil a sheachaint trí shuim airgid a thabhairt do charthanas trí Bhosca Déirce na Cúirte. Mhol an Thuarascáil gur cheart Bosca Déirce na Cúirte a leasú agus córas reachtúil a chur ina áit bunaithe ar eilimintí dearfa an réimis reatha, agus gur cheart é sin a chorprú in athchóiriú iomlán ar an *Probation of Offenders Act 1907*.

Cosaintí sa Dlí Coiriúil

I rith 2005, rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach in ullmhú *Pháipéar Comhairliúcháin ar Éigeantas agus Riachtanas*, agus foilsíodh é i 2006 (LRC CP 39-2006). Bhí dul chun cinn mór déanta freisin ar ullmhú *Pháipéar Comhairliúcháin ar Chosaint Dhlisteanach* agus tá sé ar intinn ag an gCoimisiún é sin a fhoilsiú i 2006.

Nós Imeachta i gCásanna Coiriúla: Achomhairc Inchúisimh

I 2002, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh i gCásanna a Thionscnaítear ar Diotáil* (LRC CP19-2002). I 2004, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar*

Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh ó Phianbhreitheanna Ró-bhoga sa Chúirt Dúiche (LRC CP 33-2004). Lean sé sin iarratas ón Ard-Aighne i 2003 breithniú ar cumhacht a thabhairt don Stiúrthóir Ionchúiseamh Phoiblí achomharc a dhéanamh ar dhaorbhreitheanna boga sa Chúirt Dúiche. I 2005, reáchtáil an Coimisiún seimineár ar na páipéir sin féachaint le Tuarascáil a ullmhú bunaithe orthu, agus tá sé ar intinn aige í sin a fhoilsiú i 2006..

Ceartas Íocshláinteach

Bíonn ceartas íocshláinteach ag iarraidh go mbeadh an ciontóir, an t-íospairteach agus an pobal páirteach in iompar coiriúil a réiteach. Is cur chuige fadhb-réitigh ar choiriúlacht atá ann dáiríre, ina mbíonn na páirtithe féin agus an pobal trí chéile páirteach. Scrúdaigh an Coimisiún forbairtí i gCeartas Íocshláinteach sa Stát agus i ndlísiní eile agus bhí tionchar acu sin ar obair an Choimisiúin le déanaí. Dúirt *Páipéar Comhairliúcháin ar Bhosca Déirce na Cúirte* (LRC CP 31-2004) an Choimisiúin (as ar tháinig a *Thuarascáil ar Bhosca Déirce na Cúirte: Promhadh Ciontóirí* (LRC 75-2005), a pléadh thuas) go n-úsáidtear Bosca Déirce na Cúirte go minic i leaba ciontú a chlárú, a bheadh ina thaifead coiriúil buan faoin dlí reatha. Nótáil an Coimisiún go bhfeidhmíonn go leor Stát eile dlíthe ‘ciontú caite,’ faoina bhféadfaí mionchiontuíthe nó seanchiontuíthe a bhaint den taifead chun críocha áirithe, cé go bhféadfaí iad a nochtadh chun críocha eile, go háirithe nuair a bheadh poist leochaileacha i gceist. I 2005, rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach in ullmhú Thuarascáil ar leith ar an ábhar, agus tá sé i gceist aige í a fhoilsiú i 2006.

Athchóiriú agus Nuachóiriú ar Dlí Talún agus Dlí Tíolactha

I mí Iúil, d’fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Athchóiriú agus Nuachóiriú ar Dlí Talún agus Dlí Tíolactha* (LRC 74-2005), a lean óna *Pháipéar Comhairliúcháin ar Athchóiriú agus Nuachóiriú ar Dlí Talún agus Dlí Tíolactha* (LRC CP 34-2004). Is í an Tuarascáil sin buaic obair na mblianta laistigh den Choimisiún ar dlí talún agus dlí tíolactha agus is cuid í den tionscadal cuimsitheach athchóirithe dlí is mó agus is uailmhianáí de chuid an Choimisiúin – an Tionscadal Ríomh-Thíolactha, a phléitear thíos. Tá dréacht-*Bhille Talún agus Tíolactha* leis an Tuarascáil chun feidhm a thabhairt do mholtaí athchóirithe an Choimisiúin. De réir dea-chleachtais ar athchóiriú agus nuachóiriú dlí, níl ach 134 alt sa dréacht-*Bhille* agus molann sé aisghairm ar beagnach 800 bliain de dhlí reachtúil seanda, agus nuair is cuí, leaganacha comhionanna nua-aimseartha a chur ina n-áit.

Tá 90 moladh sa dréacht-*Bhille Talún agus Tíolactha* chun breis is 150 reacht réamh-1922 ar dlí talún agus tíolacadh, cuid acu ag dul siar go 1285, a athchóiriú nó a mhalartú. Cé go bhfuil siad fós ar leabhar na reachtaíochta, tá go leor de na reachtanna réamh-1922 sin imithe i léig nó tá a n-áit tógtha ag forbairtí dlí níos déanaí.

Nuair a foilsíodh Tuarascáil 2005, d’iarr an tArd-Aighne agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar an gCoimisiún leanúint air ag cuidiú le hullmhú Bille chun éifeacht a thabhairt dá mholtaí, agus bhí an Coimisiún thar a bheith sásta é sin a dhéanamh. Ba é buaic na hoibre breise sin ná gur fhoilsigh an Rialtas an *Bille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2006*, ina bhfeictear príomh-eilimintí dhréacht-*Bhille Dlí Talún agus Tíolactha* an Choimisiúin a foilsíodh le Tuarascáil 2005. Chríochnaigh Bille 2006 an Dara Céim i Seanad Éireann ar 20 Meitheamh 2006.

Tionscadal Ríomh-Thíolactha

Tá *Tuarascáil ar Athchóiriú agus Nuachóiriú ar Dlí Talún agus Dlí Tíolactha* (LRC 74-2005) an Choimisiúin ina príomhchuid de Thionscadal ríomh-Thíolactha an Choimisiúin, a seoladh i 2003. Cuimsíonn an tionscadal sin athbhreithniú cuimsitheach ar an dlí substainteach (agus Tuarascáil 2005 agus Bille 2006 an Rialtais mar bhuaic aige) ach freisin pléann sé le heilimintí ábhartha níos imeachta agus riaracháin tíolactha féachaint le ríomh-Thíolacadh a thabhairt isteach i ndeireadh na dála. Maidir le heilimintí níos imeachta Thionscadal ríomh-Thíolactha an Choimisiúin, chinn an Coimisiún go raibh gá le mion-anailís chun samhailphróiseas den phróiseas tíolactha reatha a ullmhú agus scrúdú a dhéanamh ar staid ullmhúcháin chomhlachtaí poiblí agus príobháideacha

d'fheidhmiú ríomhthráchtáil ar thíolacadh. I 2005, fuair an Coimisiún tacaíocht airgid don staidéar seo ón gCiste Sochaí Faisnéise agus tar éis próiseas tairisceana sholáthair phoiblí, cheap sé BearingPoint Management and Technology Consultants chun dul i mbun an staidéir. Críochnaíodh príomheilimintí an staidéir sin i 2005, agus i 2006 d'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil ar Ríomh-Thíolacadh: Samhaltú Chóras Tíolactha na hÉireann* (LRC 79-2006). Leagann an Tuarascáil síos tuairimí agus moltaí an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí ar Shamhaltú Chóras Tíolactha na hÉireann, tuarascáil a d'ullmhaigh BearingPoint don Choimisiún. Fillfidh an Coimisiún ar seo ina Thuarascáil Bhliantúil do 2006.



Ag seoladh an Tuarascáil ar Dhlíthíocht Ilpháirtíoch (ó chlé) Ronan Flanagan, Taighdeoir Dlí, Noel Rubotham, Stiúrthóir Athchóiriú agus Forbairt, An tSeirbhís Chúirteanna, An Breitheamh Onórach Susan Denham (a láinseáil an Tuarascáil) agus Raymond Byrne Stiúrthóir Taighde.

Dlí Thiarna Talún agus Thionónta

Comhthreomhar lena thionscadal ar dhlí talún agus dlí tíolactha, chuir an Coimisiún tús le mórthionscadal taighde ar Dhlí Thiarna Talún agus Thionónta féachaint le moltaí athchóirithe a dhéanamh. I 2003, d'fhoilsigh an Coimisiún dhá pháipéar sa réimse seo: *Páipéar Comhairliúcháin ar Thionóntachtaí Gnó* (LRC CP 21-2003) agus *Páipéar Comhairliúcháin ar an Dlí Ginearálta ar Thiarna Talún agus Tionónta* (LC CP 28-2003). Leanadh le dul chun cinn suntasach a dhéanamh i 2005 ar ullmhú Tuarascála sa réimse sin, ar a mbeidh moltaí do chomhdhlúthú an reachtaíocht thiarna talún agus tionónta mar atá, lena n-áirítear dréacht-Bhille.

Coimpléisc Árasán agus Forbairtí Il-Aonad

Rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach freisin i 2005 in ullmhú *Pháipéar Comhairliúcháin ar Choimpléisc Árasán agus Forbairtí Il-Aonad*. Scrúdóidh an Páipéar pé acu is gá rialú reachtúil ar na forbairtí sin nó arbh leor soláthair 'mainneachtana' nó 'tarrthála' chun déileáil le fadhbanna ó thaobh struchtúir bhainistíochta agus cosaint tomhaltóra. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún an páipéar seo a fhoilsiú i 2006.

Dlí na nIontaobhas agus Dlí na gCarthanas

I mí Feabhra, d'fhoilsigh an Coimisiún 2 Pháipéar Comhairliúcháin; *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí Iontaobhas – Moltaí Ginearálta* (LRC CP 35-2005) agus *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí Iontaobhas Carthanais – Moltaí Ginearálta* (LRC CP 36-2005). Tháinig an 2 Pháipéar Comhairliúcháin agus é mar chúla ginearálta acu gur fhoilsigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i 2003 páipéar comhairliúcháin, *Bunú Chreat Reachtúil Nua-Aimseartha do Charthanais*, ina bpléitear creat nua rialaithe do earnáil na gcarthanas. Ó tharla go raibh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí cheana féin ag scrúdú dlí iontaobhas agus dlí iontaobhas carthanais faoina Dhara Clár, bhí sé sásta cuidiú agus comhairle a thabhairt don Roinn ar cheisteanna a ardaíodh i bpáipéar 2003 a

bhain le ról, dualgais agus feidhmeanna iontaobhaithe iontaobhas carthanais. Faoi láthair, tá dlí ginearálta na n-iontaobhas faoi réir chumasc de chásdhlí atá forbartha ag na cúirteanna thar na blianta agus rialú reachtúil faoin *Trustee Act 1893*.

Cuireann an *tAcht Ionntaobhaithe (Infheistíochtaí Údaraithe) 1958* creat reachtúil ar fáil d'infheistíochtaí údaraithe d'iontaobhaithe. Mar sin féin, is féidir a rá fós nár choinnigh dlí ginearálta na n-iontaobhaithe suas go dáta leis na hathruithe i nádúr eacnamaíochta agus sóisialta na n-iontaobhas. Is í an aidhm atá le páipéir an Choimisiúin ná athbhreithniú a dhéanamh ar an dlí, agus nuair is gá, é a thabhairt suas go dáta chun freastal ar riachtanais agus cleachtas comhaimseartha. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún a Thuarascáil sa réimse seo a fhoilsiú i 2006, agus déanfaidh an Thuarascáil sin corprú freisin ar *Pháipéar Comhairliúcháin ar Struchtúir Dhlíthiúla do Charthanais* (LRC CP 38-2005) an Choimisiúin, a phléitear thíos

I 2006, d'fhoilsigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta dréacht-Scéim do Bhille Rialaithe Carthanais 2006, agus chorpaign sé sin éirim na moltaí i *bPáipéar Comhairliúcháin ar Dlí Ionntaobhas Carthanais – Moltaí Ginearálta an Choimisiúin*.

Struchtúir Dhlíthiúla do Charthanais

I mí na Nollag, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Pháipéar Comhairliúcháin ar Struchtúir Dhlíthiúla do Charthanais* (LRC CP 38-2005). Rinne sé sin comhlánú ar *Pháipéar Comhairliúcháin ar Dlí Ionntaobhas Carthanais – Moltaí Ginearálta* (LRC CP 36-2005) an Choimisiúin, atá pléite thuas. Aontaíonn an Coimisiún leis an tuairim – atá curtha in iúl go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ag go leor comhlachtaí a rinne athbhreithniú ar an réimse seo – nach bhfuil aon cheann de na struchtúir dhlíthiúla atá ann an-oiriúnach do nádúr aonán carthanais. Go háirithe, is struchtúr dlíthiúil í an chuideachta a bunaíodh féachaint le brabús a leithdháileadh ar a cuid ball; níl sé sin i gcomhréir leis na haidhmeanna sochair phoiblí atá le carthanais. Dá bhrí sin rinne an Coimisiún moladh sealadach go dtabharfaí isteach foirm nua struchtúir dhlíthiúil do charthanais, ar a dtabharfaí an Eagraíocht Chorpraithe Charthanais (CIO). Bheadh an CIO atá molta dírithe go speisialta ar aidhmeanna shochair phoiblí carthanais a léiriú. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún a thuarascáil sa réimse seo a fhoilsiú i 2006, agus corpróidh sí freisin ábhar *Pháipéir Chomhairliúcháin ar Dlí Ionntaobhas Carthanais – Moltaí Ginearálta* (LRC CP 36-2005) an Choimisiúin, atá pléite thuas.

GRÚPAÍ SOGHONTA AGUS AN DLÍ

Daoine Fásta Soghonta

I mí na Bealtaine d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhaoine Fásta Soghonta agus an Dlí: Inniúlacht* (LRC CP 37-2005). Ba é sin an dara ceann de shraith dhá pháipéar comhairliúcháin a d'fhoilsigh an Coimisiún ag plé le grúpaí soghonta agus an dlí. Rinne *Páipéar Comhairliúcháin ar an Dlí agus Daoine Scothaosta* (LRC CP 23-2003) an Choimisiúin moltaí sealadacha i dtaca le meicníochtaí dlíthiúla chun daoine aosta a chosaint lena n-áirítear scéim nua déanta cinneadh ionadach le cur in áit chóras na gCoimircithe Cúirte. Mhol an Páipéar freisin go mbeadh forálacha reachtaíochta ann chun caomhnóirí pearsanta a cheapadh a dhéanfadh cinntí ar son daoine fásta a mbeadh easpa inniúlachta dlíthiúla orthu i réimse áirithe. Ar bhonn aighneachtaí a fuair an Coimisiún ar fhoilsiú an *Pháipéir Chomhairliúcháin ar an Dlí agus Daoine Scothaosta*, chinn an Coimisiún an dara páipéar comhairliúcháin a fhoilsiú a dhéanadh ar cheisteanna inniúlachta dlíthiúla bainteach le gach duine fásta ag a mbeadh inniúlacht teoranta déanta cinneadh, ní daoine fásta níos sine amháin.

Ba é an rud ba mhó ba chás le Páipéar Comhairliúcháin 2005 ná go mbeadh an dlí soiléir ar cad ba ghá le bheith inniúil ar chinntí a dhéanamh ag a mbeadh iarmhairtí dlíthiúla, mar shampla, earraí grósaera a cheannach i siopa nó cinntí cúraim sláinte a dhéanamh. In iarracht ar an dlí a shoiléiriú, tá sé d'aidhm ag moltaí an Choimisiúin teacht ar thuiscint dhearfa ar inniúlacht a chuirfidh inniúlacht dhaoine fásta, a bhfuil a gcumas déanta cinneadh teoranta, chun cinn. Léiríonn sé seo an t-athrú ginearálta dearcadh go samhail a dhíríonn ar chumas seachas ar mhíchumas. Is é príomh-mholadh an Choimisiúin ná go n-achtófaí reachtaíocht inniúlachta ionas go gcruthófaí rialacha, a bheadh soiléir, trédhearcach agus inrochtana, i dtaca le inniúlacht dlíthiúil a mbeadh

feidhm leo i réimse leathan cásanna. Tá reachtaíocht cosúil le seo achtaithe sa Ríocht Aontaithe, i gCeanada, san Astráil agus sa Nua Shéalainn. Dá bhrí sin molann an Coimisiún go léireodh an reachtaíocht inniúlachta atá molta béim chumasaithe ar inniúlacht a aithint.

Phléigh Dara Comhdháil Bhliantúil an Choimisiúin i 2005 forbairt idirnáisiúnta sa réimse seo. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún Tuarascáil a fhoilsiú i 2006 ag corprú na moltaí atá sa dá pháipéar.

DLÍ TEAGHLAIGH

Dlí Uchtaithe

I mí na Samhna 2005, d'iarr an tArd-Aighne ar an gCoimisiún, de réir an Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975, athchóirithe a bhreithniú agus a mholadh i dtaca leis na nithe seo a leanas: stádas agus cearta, lena n-áirítear cearta saoránachta linbh atá ina chónaí lasmuigh den stát agus atá in ábhar ordú uchtála i bhfabhar shaoránaigh nó saoránach Éireannach, an bealach is éifeachtúla lena chinntiú go bhfeidhmeofar dualgais bhunreachtúla agus dhlíthiúla na dtuismitheoirí uchtála i leith an linbh sin, agus an bealach is éifeachtúla lena chinntiú go gcomhlíonfar dualgais an Stáit i leith an linbh sin ag éirí as Airteagal 40.3 agus Airteagal 42.5 Bhunreacht na hÉireann. Go luath i 2006, chuir an Coimisiún tús le hobair ar ullmhú Pháipéir Chomhairliúcháin ag éirí as an iarratas sin.

Cearta agus Dualgais Dhaoine in Aontíos Céileachais

I 2004, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Chearta agus Dualgais Daoine in Aontíos Céileachais* (LRC CP 32-2004). I 2005, reáchtáil an Coimisiún seimineár ar an bpáipéar sin agus rinne sé dul chun cinn suntasach in ullmhú Tuarascála ar an ábhar agus tá sé ar intinn aige é a fhoilsiú faoi dheireadh 2006.

DLÍ TRÁCHTÁLA AGUS DLÍ NA N-OIBLEAGÁIDÍ

Dlí Conartha: Ionpháirteacht i gConradh agus Cearta Tríú Páirtithe

I 2005, thosaigh an Coimisiún obair ar ullmhú Pháipéir Chomhairliúcháin ar an dlí a bhaineann le hionpháirteacht i gconradh agus cearta tríú páirtithe. Faoi dlí conartha reatha, go hiondúil is iad sin a rinne idirbheartú ar chonradh amháin (iad sin atá ionpháirteach ann) atá in ann é a fhorghníomhú. Go ginearálta, fiú nuair atá duine eile luaite sa chonradh (tríú páirtí), níl an duine eile sin i dteideal an conradh a fhorghníomhú. Cé go bhfuil eisceachtaí áirithe ar rial an ionpháirteachais, go háirithe faoi dhlíthe cosanta tomhaltóirí, tá an Coimisiún ag scrúdú pé acu a bhfuil gá le hathchóiriú níos ginearálta ar an dlí chun cearta a bhronnadh ar thríú páirtithe sa réimse seo. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún Páipéar Comhairliúcháin ar an ábhar seo a fhoilsiú faoi dheireadh 2006.



Ag seoladh an Tuarascáil ar Bhunú Bhunachar Sonraí DNA (ó chlé) Donal O'Donnell SC Coimisinéir, Marian Shanley Coimisinéir, Rory Brady SC Árd-Aighne (a lánseáil an Tuarascáil), An Breitheamh Onórach Catherine McGuinness Uachtarán an Choimisiúin, Orla Joyce Taighdeoir Dlí, Patricia Rickard-Clarke Coimisinéir lánaimseartha.

CAIBIDIL 3

RIARACHÁN

RÉAMHRÁ

Sa Chaibidil seo déanann an Coimisiún cur síos ar na gnéithe riaracháin dá chuid oibre. Dírionn sé ar na socruithe agus na tacaí riaracháin atá riachtanach chun a chinntiú gur féidir Clár Rollach Oibre an Choimisiúin a chur i gcrích.

Coimisiún (5 chomhalta) Uachtarán

1 Choimisinéir Lánaimseartha
3 Choimisinéir Páirtaimseartha

Riarachán

Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin
Bainisteoir Tionscadail
Oifigeach Feidhmiúcháin
Rúnaí Príobháideach don Uachtarán
2 Oifigeach Cléireachais

Taighde agus Leabharlann

Stiúrthóir Taighde
8 Taighdeoir Dlí Lánaimseartha
1 Bhainisteoir Eolais Dlí/
Leabharlannaí
1 Chatalógáí/Cúntóir Leabharlainne

AN COIMISIÚN

Tá Uachtarán agus ceathrar Choimisinéirí ar an gCoimisiún. Ceapann an Rialtas na Coimisinéirí ar feadh téarma suas le cúig bliana, agus is féidir a gceapacháin a athnuachan. Tá beirt Choimisinéirí lánaimseartha agus triúr Choimisinéirí páirtaimseartha ar an gCoimisiún reatha. Tá Uachtarán an Choimisiúin (go Feabhra 2005, an Breitheamh Uasal Budd, breitheamh de chuid na hArdchúirte, ar tháinig an Breitheamh Uasal Catherine McGuinness, breitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí i gcomharbacht air) ar dhuine de na Coimisinéirí lánaimseartha. Is aturnaí í an Coimisinéir lánaimseartha eile, Patricia Rickard-Clarke, a bhí, go dtí gur ceapadh í, ina comhpháirtí le McCann Fitzgerald, Aturnaetha. Is iad an triúr atá mar Choimisinéirí páirtaimseartha: An tOllamh Finbarr McAuley, Ollamh Jean Monnet le Dlí Coiriúil, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Marian Shanley, Aturnaí, comhalta den Choimisiún chun Fiosrú a Dhéanamh ar Mhí-úsáid Gnéis Leanaí; agus Donal O'Donnell, Abhcóide Sinsearach, (a tháinig i gcomharbacht i mí Mheán Fómhair 2005 ar an Dr Hilary Delany, Ceann Scoil an Dlí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath). Tógann an Coimisiún mar chomhlacht na mórchinntí ar fad bainteach leis an gCoimisiún. Orthu seo tá, cláir a chur ar aghaidh i gcomhair athchóiriú dlí, aschur taighde an Choimisiúin mar atá i bPáipéir Chomhairliúcháin agus i dTuarascálacha, mar aon le gnóthaí tábhachtacha riaracháin, airgeadais agus eile. Buaileann an Coimisiún le cheile go foirmiúil mar chomhlacht ar a laghad uair sa mhí. Chomh maith leis sin, buaileann a chomhaltaí le cheile go minic, agus bíonn siad i gcumarsáid agus i gcomhairle go leanúnach lena chéile agus le foireann an Choimisiúin.

FOIREANN RIARACHÁIN

Tá trí phríomhfheidhm i gceist i riarachán an Choimisiúin ó lá go lá: riarachán ginearálta (lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise), pearsanra agus airgeadas. Cuireann an Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin agus baill eile den fhoireann riaracháin na feidhmeanna seo i ngníomh, agus iad ag gníomhú faoi threoir an Choimisiúin. Ó thaobh riaracháin ghinearálta, is ag an Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin atá an phríomhfheagracht as bainistíocht oifige, lena n-áirítear scaipeadh ciorclán agus treoirlínte ábhartha ón Státseirbhís, agus comhthadhlú leis an bhfoireann riaracháin faoi cheisteanna ar leith cosúil le teicneolaíocht faisnéise. I taca le cúrsaí pearsanra, tá an Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar phá agus rátaí pá do chomhaltáí agus fostaithe an Choimisiúin (agus é ag gníomhú laistigh de threoirlínte na Roinne Airgeadais), agus as ceisteanna gaolmhara cosúil le sábháilteacht agus sláinte. Ó thaobh airgeadais de, déanann an Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin rialú agus monatóireacht ar ioncam agus caiteachas uile an Choimisiúin agus ullmhaíonn sé meastachán bliantúil caiteachais le cur faoi bhráid na Roinne Airgeadais agus le faomhadh ag an Roinn sin. Ullmhaíonn an Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin cuntais iomlána go bliantúil freisin le cur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá an tArd-Rúnaí ag Oifig an Ard-Aighne mar Oifigeach Cuntasaíochta don Choimisiún. Tá plé níos mine ar an bhfeidhm airgeadais thíos.

I gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin, tá tacaíocht ag an Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin ó fhoireann bheag riaracháin. Ar an bhfoireann sin faoi láthair tá bainisteoir tionscadail, oifigeach feidhmiúcháin, rúnaí príobháideach don Uachtarán agus beirt oifigeach cléireachais. Ar na dualgais atá ar an mbainisteoir tionscadail tá forbairt phróifíl an Choimisiúin le freagracht ar leith as caidreamh poiblí agus bainistiú caidrimh le gníomhaireachtaí eile agus ranna rialtais. Tá sé freagrach freisin as comhthadhlú leis an gCoiste Comhairleach agus le Comhchoiste Ceartais, Cosanta agus Cearta Ban an Oireachtais. Tá freagrachtaí an Oifigigh Feidhmiúcháin sna réimsí airgeadais agus pearsanra, lena n-áirítear PMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta), oiliúint foirne agus bainistiú láithreáin gréasáin an Choimisiúin, www.lawreform.ie. Tá cur síos cuimsitheach i láithreán gréasáin an Choimisiúin ar an gCoimisiún agus a chuid oibre, tugann sé mioneolas ar obair idir lámha, agus iarrann sé tuairimí agus aighneachtaí ar ábhair agus ar Pháipéir Chomhairliúcháin. Tá téacs iomlán na bPáipéar Comhairliúcháin agus na dTuarascálacha go léir atá foilsithe ag an gCoimisiún ar an láithreán gréasáin freisin. Leanann an Coimisiún de bheith ag déanamh monatóireachta ar an láithreán gréasáin agus á thabhairt suas go dáta chun a chinntiú go mbeidh sé i gcónaí éifeachtach agus chun aighneachtaí cuimsitheacha i bhformáid leictreonach a spreagadh. Tá an rúnaí príobháideach don Uachtarán páirteach freisin i bhforfeidhmiú pholasaí IT an Choimisiúin. Ar na dualgais atá ar na hOifigigh Cléireachais tá tacaíocht ghinearálta riaracháin don Choimisiún agus freisin comhthadhlú le foireann an Leabharlainne.

Déanann coiste feidhmiúcháin an Choimisiúin maoirseacht ar an athbhreithniú leanúnach ar shocruithe riaracháin. Buailteann an fhoireann feidhmiúcháin le chéile ar bhonn rialta chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar riarachán ginearálta an Choimisiúin.

Fostaíocht agus Míchumas

Chomhlíon an Coimisiún an sprioc 3% d'fhostú daoine le míchumais san Earnáil Phoiblí i rith 2005.

Forbairt i 2004

I rith na bliana, bhí roinnt tionscnamh leanúnach ag dul ar aghaidh. Orthu sin bhí, go háirithe, forbairt tionscnamh PMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta) don fhoireann ar fad agus an fhorbairt ar phróifílí post atá bainteach leis sin. Cuireadh oiliúint foirne, go háirithe i leith cúrsaí IT, ar fáil i rith na bliana ar bhonn rialta. Faoi dheireadh na bliana, bhí Ráiteas Sábháilteachta leasaithe ullmhaite freisin ag an gCoimisiún chun cloí leis an Acht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Cuireadh é sin i gcrích le cuidiú agus le comhairle ón gcomhairleoireacht sábháilteachta, Nifast, a d'fostaigh an Coimisiún de réir treoirlínte ábhartha soláthair poiblí.

TAIGHDE AGUS LEABHARLANN

Is é an bunról atá ag foireann taighde an Choimisiún ná a bheith mar ‘theach innill’ d’fhorfheidhmiú leanúnach chlár rollach oibre an Choimisiúin.

Ag seoladh an Tuarascáil ar Mhárú Corporáideach
(ó chlé) Mícheal Martin TD
Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (a láinseáil an Tuarascáil), An Breitheamh Onórach Catherine McGuinness Uachtarán an Choimisiúin, An Breitheamh Onórach Declan Budd iar-Uachtarán an Choimisiúin (go dtí Feabhra 2005)



Meitheal Taighde

Tá an mheitheal taighde faoi cheannas an Stiúrthóra Taighde, agus tá an fhoireann taighde freagrach go díreach dó. Tá an Stiúrthóir Taighde reatha, Raymond Byrne, ar iasacht ón Scoil Dlí agus Rialtais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. I rith 2005, bhí sé d’údarás ag an gCoimisiún ochtar Taighdeoirí Dlí lánaimseartha a fhosú, agus fostaítear iad de ghnáth ar chonarthaí bliana, a bhféadfaí athnuachan a dhéanamh orthu. Ó am go ham, téann an Coimisiún i gcomhairle freisin le saineolaithe seachtracha do thionscadail áirithe agus freisin bunaíonn sé Grúpaí Oibre faoi ábhair ar leith.

Is é feidhm an Stiúrthóra Taighde na meithealacha taighde a threorú agus a bhainistiú, agus go ginearálta comhairle agus cúnaimh a thabhairt do na taighdeoirí féachaint le haschur cuí agus caighdeán oibre a chinntiú. Áirítear leis sin, taighde ginearálta cúlra a dhéanamh, páipéir ar shaincheisteanna a ullmhú, dréacht-dhoiciméid agus dréacht-Pháipéir Comhairliúcháin agus dréacht-Thuarascálacha a ullmhú le breithniú ag an gCoimisiún. Reachtálann an Stiúrthóir roinnt seimineár i rith na bliana do na taighdeoirí faoi réimsí ina bhfuil spéis ar leith agus buaileann na taighdeoirí le chéile go rialta mar ghrúpa chun tuairimí a mhalartú faoi na réimsí ina bhfuil siad ag déanamh taighde. Freastalaíonn taighdeoirí freisin ar chomhdhálaí faoi réimsí ábhartha spéise, lena n-áirítear seimineáir eagraithe ag Oifig an Ard-Aighne. Spreagtar Taighdeoirí Dlí freisin chun saothar a fhoilsiú in irisí ábhartha dlí le linn a gcuid ama leis an gCoimisiún. Áirítear leis sin ailt a déileáil leis na réimsí lena bhfuil an taighdeoir ag plé go gníomhach.

Bíonn an Stiúrthóir freisin go ginearálta mar urlabhraí meán don Choimisiún agus, i gcomhar leis an Uachtarán, an Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin agus an Bainisteoir Tionscadal, déileálann sé le ceisteanna parlaiminte agus fiosraithe eile ón bpobal.

Leabharlann

Is é an bunról atá ag leabharlann an Choimisiúin, atá ina huirlis fíor-riachtanach de chuid an Choimisiúin, ná réamh-mheas a dhéanamh agus freagra a thabhairt ar riachtanais seirbhíse leabharlainne agus faisnéise na gCoimisinéirí agus mheithleacha taighde an Choimisiúin i gcomhpháirtíocht le leabharlanna agus soláthróirí faisnéise eile. Tá Bainisteoir Eolais Dlí/Leabharlannaí agus Catalógaí/Cúntóir Leabharlainne i mbun na leabharlainne. Bíonn cúnamh le fáil freisin, nuair a bhíonn gá leis, ó bhaill den fhoireann riaracháin.

Bíonn an Bainisteoir Faisnéise Dlí/Leabharlannaí ag obair i ndlúthchomhairle leis na meithleacha taighde le go mbeidh teacht go tráthúil ar acmhainní nua cóipe crua agus leictreonacha. Scaiptear feasachán inmheánach ar fhorbairtí reatha dlí, ag díriú ar fháltais nua leabharlainne, ar an bhfoireann ar fad ar bhonn sheachtainiúil.

Forbairtí i gCóras Unicorn

Faoi Chóras Bainistíochta Bailiúcháin Unicorn is féidir acmhainní a roinnt idir leabharlanna Oifig an Ard-Aighne, Oifig Phríomh-Atur na Stáit agus an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí. Cuireann sé sin córas il-leabharlainne ar fáil a ligeann do gach leabharlann oibriú go neamhspleách agus leas a bhaint ag an am céanna as OPAC (Catalóg ar Líne don Phobal) agus modúil catalógaithe.

AIRGEADAS

Fáltais agus Íocaíochtaí

Is ionann an deontas-i-gcabhair a fhaomhann an tAire Airgeadais ar mholadh an Ard-Aighne agus iomlán ioncam an Choimisiúin nach mór. I 2005, bhí €1.9 milliún sa deontas-i-gcabhair. I 2005, fuair an Coimisiún ioncam eile trí Dheontas Taighde €8,000 ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i gcomhair oibre ar a Tionscadal Carthanas, €15,000 ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i gcomhair oibre ar an Tionscadal Achtanna Cúirteanna agus €249,837 ón gCoimisiún Sochaí Faisnéise chun íoc as costas an Tionscadail Samhaltaithe i dTionscadal ríomh-Thíolactha an Choimisiúin (féach Caibidil 2, thuas).

Faoin nós imeachta cuntasáíochta reatha, tarraingítear airgead anuas ar bhonn mhíosúil ón Deontas-i-gCabhair le toiliú an Oifigigh Cuntasaíochta, is é sin Ard-Rúnaí Oifig an Ard-Aighne. Tagann an t-aon ioncam eile ó dhíolachán foilseachán. Ba cheart a nótaíl, áfach, nach ndíoltar go leor de na foilseacháin ach go scaiptear saor in aisce iad ar Bhreithiúna, comhaltaí Oireachtais agus scoláirí dlí, chomh maith le leabharlanna i dtíortha éagsúla agus ar ghníomhaireachtaí athchóirithe dlí ar fud an domhain a chuireann cóipeanna dá gcuid saothair féin ar fáil don Choimisiún freisin. Ar na costais a bhíonn ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí tá tuarastail na gCoimisinéirí agus na foirne, luach saothair taighdeoirí seachtracha a choinnítear i gcomhair tascanna ar leith, cíos agus forchostais áitreabh, cothabháil leabharlann an Choimisiúin agus reachtáil seimineár poiblí, ó am go chéile, mar aon le Comhdháil Bhliantúil an Choimisiúin.

Íoc Pras Cuntas

Ní raibh aon íocaíochtaí déanacha ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí i rith 2005. Coimeádann an Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin dlíteanais reatha ar fad an Choimisiúin faoi athbhreithniú d'fhonn iad a íoc go pras. Déanann an Coimisiún na híocaíochtaí cuí de réir a nósanna imeachta inmheánacha. Ní shonraítear tréimhsí caighdeánacha íocaíochta i gconarthaí scríofa.

Ráiteas ag an Rúnaí/Ceannasaí Riaracháin

Ar feadh 2005, chloigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí leis an *Acht um Íoc Pras Cuntas 1997*. Bhí na nósanna imeachta íocaíochta atá leagtha amach thuas i bhfeidhm ar feadh na tréimhse sin. Cé nach féidir leis na cleachtais sin ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt in aghaidh gan cloí go hábhartha leis an Acht, is cosúil gur oibrigh siad go maith, go háirithe, ó tharla nach raibh aon íocaíochtaí déanacha i rith na tréimhse faoi athbhreithniú.

AGUISÍN A

AN DARA CLÁR LE BRAINSÍ ÁIRITHE DLÍ A SCRÚDÚ D'FHONN H-IAD A ATHCHÓIRIÚ: 2000-2007 FAOFA AG AN RIALTAS 19 NOLLAIG 2000

An Córas Dlí

- 1 Rochtain ar an dlí don saoránach agus, go háirithe, éifeachtúlacht fhógairt agus scaipeadh reachtanna agus ionstraimí reachtúla.
- 2 Tréimhsí teorann i gcás caingean.
- 3 Caingne aicmeacha agus caingne ionadaíochta a thionscnaítear ar son leasa an pobail.
- 4 Seachréiteach díospóidí.
- 5 Dlí Reachtúil: sainchúram an Choimisiúin faoin gCéad Chlár i leith dréachtadh agus léirmhíniú reachtúil a chríochnú.

Fianaise

- 6 Fianaise Fhóirínseach
- 7 Gnéithe eile de dhlí na fianaise i gcásanna sibhialta agus coiriúla.

Dlí Riaracháin

- 8 Binsí Fiosrúcháin.
- 9 Achomhairc ó chinní riaracháin lena n-áirítear athbhreithniú breithiúnach.

Dlí Cearta Sibhialta

- 10 Dlí Príobháideachais
 - (i) Príobháideachas agus dlí na tostaobhachta;
 - (ii) Príobháideachas i gcomhthéacs an chórais ceartais coiriúil: saolré taifead coiriúil agus cionta áirithe a scrios den taifead;
 - (iii) Príobháideachas i gcomhthéacsanna institiúideacha áirithe: an láthair oibre; an córas cúraim sláinte; príosúin.

Dlí Coiriúil

- 11 Dlí Dúnbhásaithe
- 12 Cosaintí lena n-áirítear briogadh, cosaint dhlisteanach, éigeantas agus riachtanas.
- 13 Cionta neamhfhórásta
- 14 Nós imeachta i gcásanna coiriúla.
- 15 Ceartas íocshláinteach.
- 16 Dlíteanas coiriúil corparáideach.
- 17 Pionóis do mhionchiont.

Dlí na nOibleagáidí

- 18 Dlí torta. Gnéithe den dlí maidir le cúiteamh ar dhíobháil phearsanta.
- 19 Dlí conartha. Ionpháirteacht i gconradh agus cearta tríú páirtithe.

Maoin Réadach agus Phearsanta

- 20 Dlí na n-iontaobhas lena n-áirítear dlí na gcarthanas.
- 21 Dlí comharbais.
- 22 An dlí maidir le forbairtí ilaonaid.
- 23 Leanfaidh an Coimisiún lena athbhreithniú ginearálta ar dhlí talún agus tíolachta le cúnaimh a Ghrúpa Oibre speisialach seasta.

Dlí Tráchtála

- 24 Ó tharla go bhfuil sé beartaithe ag an Rialtas Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí reachtúil a bhunú, déanfar athbhreithniú agus scrúdú ar cheisteanna reatha a éiríonn i réimse an dlí tráchtála, mar is cuí.
- 25 Eisceachtaí ón bprionsabal *nemo dat quod non habet* maidir le haistriú teidil in earraí.

An Dlí agus an tSochaí Faisnéise

- 26 Tráchtáil leictreonach agus an tdirilíon, mar is cuí ag brath ar ghníomhaíochtaí atá nó a bheidh ar bun ag Ranna Rialtais agus go háirithe:
 - (i) príobháideachtas ar an idirlíon agus criptiúchán.
 - (ii) dlíteanas soláthróirí seirbhíse.

Grúpaí Soghonta agus an Dlí

- 27 An dlí agus daoine scothaosta, lena n-áirítear cosaint dhlíthiúil daoine scothaosta agus iad ag aistriú sócmhainní agus ‘réamhthreoracha cúraim’
- 28 An dlí a bhaineann le daoine le míchumais fhísiciúla, intinne nó foghlama, lena n-áirítear ceisteanna inniúlachta, caomhnóireachta agus ceart pósta.

Dlí Teaghlaigh

- 29 Dlí uchtaithe – athbhreithniú ginearálta.
- 30 Cearta agus dualgais daoine in aontíos céileachais.

Dlí Idirnáisiúnta

- 31 Idirbheartú agus ullmhú comhaontuithe idirnáisiúnta éagsúla, lena n-áirítear a bhforfheidhmiú i ndlí na hÉireann. Tugaimid aird ar leith ar rannpháirtíocht na hÉireann i gcoinbhinsiúin a ullmhaíonn UNIDROIT, UNCITRAL agus Comhdháil na Háige ar Dhlí Príobháideach Idirnáisiúnta.

Bille Forálacha Ilghnéitheacha

- 32 Leanfaidh an Coimisiún ag ullmhú Bille Athchóirithe Dlí (Forálacha Ilghnéitheacha) bliantúil mar fheithicil le mion-athchóirithe a dhéanamh, ag síneadh thar na brainsí dlí atá clúdaithe sa Chlár.

Ginearálta

Tá sé deacair, ar ndóigh, réamhfaisnéis a dhéanamh ar athruithe a éileoidh athchóiriú dlí san am atá le teacht. Dá réir sin, is é tuairim an Choimisiúin gur fearr cur leis an liosta ábhar difriúil atá tugtha thuas trína rá má bhíonn gá, de bharr imeachtaí, le hathchóiriú dlí in aon réimse laistigh d’aon cheann de na brainsí dlí atá leagtha amach thuas, go dtabharfaidh an Coimisiún, má bhíonn

sé cuí, agus faoi réir theorainneacha a chuid acmhainní, na moltaí riachtanacha chun tosaigh. Tá spéis leanúnach ag an gCoimisiún i gcódaíocht an dlí agus tá sé i gceist aige aghaidh a thabhairt ar cheist na códaíochta i leith ábhar a thiteann laistigh de bhraintí dlí atá leagtha amach sa Chlár seo de réir mar is cuí. Sna réimsí sin ar fad, beidh aird ag an gCoimisiún, má bhíonn sé cuí, ar ghníomhaíochtaí chomhlachtaí oifigiúla eile a bhfuil spéis acu in athchóiriú dlí, ina measc an tSeirbhís Chúirteanna, agus beidh sé réidh le comhoibriú leo.

**Ag Comhdháil Bhliantúil
an Choimisiúin ar
Chaomhnóireacht : Struchtúr
Nua do Dhaoine Fásta Soghonta**
(ó chlé) an tOllamh Des O'Neill
Coláiste na Tríonóide Baile Átha
Cliath agus Ospidéal Tamhlachta,
Rt Hon Baroness Hale of
Richmond, Jay Chalke Caomhnóir
Poiblí agus Iontaobhaí British
Columbia, Denzil Lush Máistir,
an Chúirt um Chaomhnóireachta
Shásana agus na Bhreataine
Bhige, An Breitheamh Onórach
Catherine McGuinness Uachtarán
an Choimisiúin, Patricia Rickard-
Clarke Coimisinéir Iánaímseartha
agus Noel Rubotham, Stiúrthóir
Athchóiriú agus Forbairt, An
tSeirbhís Chúirteanna.



AGUISÍN B

GRÚPAÍ OIBRE

Mar a nótáladh i gCaibidil 1, faoin *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*, is féidir leis an gCoimisiún Grúpaí Oibre a chur ar bun chun réimsí ar leith dlí a scrúdú. Chomh maith leis na Grúpaí Oibre, a bhuaileann le chéile ar bhonn rialta le linn shaolré thionscadail ar leith, tá grúpaí *ad hoc* (a bhuaileann le chéile anois agus arís) curtha ar bun freisin ag an gCoimisiún le dul i gcomhairle leo faoi ábhair ar leith.

Grúpa Oibre ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha/ríomh-Thíolacadh

Cuireadh Grúpa Oibre ar Dlí Talún agus Dlí Tíolactha ar bun i 1987, mar fhreagra ar iarratas ón Ard-Aighne go ndéanfadh an Coimisiún scrúdú ar ghnéithe áirithe de dhlí agus cleachtas tíolactha. Mar thoradh ar obair an Ghrúpa Oibre foilsíodh roinnt tuarascálacha. I 2001, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar shainordú an Ghrúpa Oibre sin. I bhfianaise thiomantas an Rialtais do ríomh-Rialtas, forbairtí teicneolaíochta go ginearálta agus ríomh-Thíolacadh a bheith á thabhairt isteach i ndlínsí eile, chuir an Coimisiún Grúpa Oibre ar bun chun tabhairt faoi thionscadal ar ríomh-Thíolacadh. Bhí an tOllamh John Wylie sásta caibidlí an Ghrúpa a threorú. Cé go bhfuil Croí-ghrúpa Oibre aitheanta beidh roinnt painéal ann freisin de ghrúpaí saineolaíochta níos lú ag plé le míreanna sonracha cosúil le teicneolaíocht faisnéise, cúrsaí riarachán agus nós imeachta (lena n-áirítear eilimintí dlí poiblí) chomh maith le bheith ag clúdach réimsí den dlí ábhartha.

Comhaltaí an Ghrúpa Oibre ar ríomh-Thíolacadh:

- An Breitheamh Uasal Catherine McGuinness (ó mhí Feabhra 2005)
- An Breitheamh Uasal Declan Budd (go mí Feabhra 2005)
- An Coimisinéir Patricia T Rickard-Clarke
- An Coimisinéir Marian Shanley
- An tOllamh John C W Wylie (Treoraí an Tionscadail)
- Vivienne Bradley, Aturnae
- Raymond Byrne, Stiúrthóir Taighde
- Seamus Carroll, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- John Coyle, Bainisteoir IT, An tSeirbhís Chúirteanna
- Patrick Fagan, Aturnae
- Deirdre Fox, Aturnae
- Brian Gallagher, Aturnae
- Frank Lanigan, Aturnae
- An tOllamh David Gwynn Morgan
- Chris Hogan, Cláraitheoir Sinsearach, Clárlann na Talún
- Caroline Kelly, BL
- Deirdre Morris, Aturnae
- Marjorie Murphy, Aturnae
- Tracey O’Keeffe, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- John O’Sullivan, Bainisteoir Seirbhísí Faisnéise, Clárlann na Talún
- Doreen Shivnen, BL

Bhí Mary Townsend agus Aoife McCarthy mar Rúnaí/Taighdeoir don Ghrúpa i 2005.

Grúpa Oibre ar Dhlí Tiarna Talún agus Tionónta

I 2001, chuir an Coimisiún tús le mórthionscadal taighde ar Dhlí Tiarna Talún agus Tionónta d'fhonn moltaí athchóirithe a dhéanamh lena n-áireofaí comhdhlúthú na reachtaíochta tiarna talún agus tionónta atá ann cheana féin, dréacht-Bhille san áireamh. Tá na tionscadail atá ar bun ag an nGrúpa Oibre sin á dtreorú isteach ag an Ollamh John Wylie. Is cleachtóirí le taithí agus ionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus ón Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil atá ina gcomhaltaí den Ghrúpa Oibre.

Comhaltaí an Ghrúpa Oibre ar Dhlí Tiarna Talún agus Tionónta

- An Breitheamh Uasal Catherine McGuinness (ó mhí Feabhra 2005)
- An Breitheamh Uasal Declan Budd (go mí Feabhra 2005)
- An Coimisinéir Patricia T Rickard-Clarke
- An tOllamh David Gwynn Morgan
- An tOllamh John C W Wylie (Treoraí an Tionscadail)
- John F Buckley, Iar-Bhreitheamh de chuid na Cúirte Cuarda
- Ruth Cannon, BL
- Ernest Farrell, Aturnae
- Patrick Fagan, Aturnae
- Colin Keane, Aturnae
- Michael McGrath, SC
- Sheila McMahon, An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil
- Gavin Ralston, SC
- Regina Terry, BL, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- John Walsh, Aturnae

Bhí Mary Townsend agus Aoife McCarthy mar Rúnaí/Taighdeoir don Ghrúpa i 2005.

Grúpa Oibre ar Choimpléisc Árasán agus Fhorbairtí Il-aonad:

I 2003 chuir an Coimisiún Grúpa Oibre ar bun chun cabhrú leis agus é ag plé le ceist Choimpléisc Árasán agus Fhorbairtí Il-aonad. Tharla sé sin tar éis caibidlí leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

Comhaltaí an Ghrúpa Oibre ar Fhorbairtí Il-aonad

- An Breitheamh Uasal Catherine McGuinness (ó mhí Feabhra 2005)
- An Coimisinéir Patricia T Rickard-Clarke
- An tOllamh John C W Wylie (Treoraí an Tionscadail)
- Sheena M Beale, Aturnae
- Brian M Gallagher, Aturnae
- Siobhan Kirwan, Príomhfheidhmeannach, O'Dwyer Property Management Limited
- Nuala McLoughlin, An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil
- Rory O'Donnell, Aturnae
- Jerry Sheehan, Aturnae
- Patrick Sweetman, Aturnae

Bhí Mary Townsend agus Aoife McCarthy mar Rúnaí/Taighdeoir don Ghrúpa i 2005.

Grúpa Comhairleach ar Chearta agus Dualgais Dhaoine in Aontíos Céileachais

I rith 2002, bunaíodh grúpa comhairleach ad hoc chun teacht ar chinneadh faoi scóip an tionscadail seo, agus bhí comhaltaí an ghrúpa páirteach freisin i seimineár agus caibidil i mí na Nollag eagraithe ag an gCoimisiún. I 2004, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Dhaoine in Aontíos Céileachais*. I 2005, bhunaigh an Coimisiún grúpa nua ad hoc i gcomhthéacs

ullmhúcháin Tuarascála sa réimse seo.

Comhaltaí an Ghrúpa Ad Hoc ar Chearta agus Dualgais Dhaoine in Aontíos Céileachais

- An Breitheamh Uasal Catherine McGuinness
- An Coimisinéir Patricia T Rickard-Clarke
- An Coimisinéir Hilary A Delany
- An Coimisinéir Marian Shanley
- Raymond Byrne, Stiúrthóir Taighde
- Hugh Cunniam, Aturnae, An Bord um Chúnaimh Dlíthiúil
- Margaret Dromey, Treoir
- Rosemary Horgan, Aturnae
- Mary Lloyd, Comhordaitheoir, An tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh
- An Breitheamh Onórach Catherine McGuinness
- Paul McCarthy, BL
- Geoffrey Shannon, Cumann Dlí na hÉireann
- Muriel Walls, Aturnae
- Úna Woods, Ollscoil Luimnigh

Bhí Catherine Ellen-O’Keefe mar Rúnaí don Ghrúpa i 2005.

Grúpa Comhairleach ar Dhaoine Fásta Soghonta: Inniúlacht

I 2005, bhunaigh an Coimisiún Grúpa Comhairleach i gcomhthéacs ullmhúcháin Tuarascála ar Dhaoine Fásta Soghonta: Inniúlacht

Comhaltaí an Ghrúpa ar Dhaoine Fásta Soghonta: Inniúlacht

- An Breitheamh Uasal Catherine McGuinness
- An Coimisinéir Patricia T Rickard-Clarke
- An Coimisinéir Marian Shanley
- Raymond Byrne, Stiúrthóir Taighde
- Iris Elliott, Comhairleoir Sinsearach Polasaí agus Gnóthaí Poiblí, An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
- Dr Shaun O’Keefe, Léachtóir Cliniciúil, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG)

Bhí Orla Joyce mar Rúnaí don Ghrúpa i 2005.

AGUISÍN C

COMHDHÁLACHA AGUS CUAIRTEANNA

Mar atá pléite i gCaibidil 1, bíonn Coimisinéirí ag freastal ar agus ag glacadh páirt go rialta i seimineáir agus comhdhálacha poiblí ar réimsí taighde bainteach leis an Dara Clár agus le Clár Rollach Oibre an Choimisiúin. Coinnítear teagmhálacha le comhlachtaí athchóirithe dlí freisin trí fhreastal ar sheimineáir ábhartha agus trí aíocht a dhéanamh ar chuairteanna ó chomhlachtaí athchóirithe dlí eile. I measc na gcomhdhálacha a ndearnadh freastal orthu agus cuairteanna eile i 2005 bhí siad seo a leanas.

I mí Eanáir, chuir an Coimisinéir Rickard-Clarke páipéar i láthair ar an Dlí agus Daoine Scothaosta ag seimineáir ar an ábhar ag Cumann Dlíodóirí Ban na hÉireann.

I mí Feabhra d'fhreastail an Coimisinéir Rickard-Clarke, an Stiúrthóir Taighde agus Deirdre Ahern ar chruinniú eagraithe ag Bráithre na Carthanachta, Naomh Eoin le Dia, Baile Átha Cliath, de ghrúpa proifisiúnach a bhíonn ag obair le daoine le hinniúlacht theoranta, i dtaca le tionscadal an Choimisiúin ar Dhaoine Fásta Soghonta: Inniúlacht.

I mí Feabhra, thug an Dr Dick McDonald, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, cur i láthair ag Oifigí an Choimisiúin ar shíceolaíocht eagraíochtúil agus cultúr sábháilteachta i gcomhthéacs Thionscadal an Choimisiúin ar Mharú Corparáideach.

I mí na Márta, d'fhreastail an tUachtarán, an Coimisinéir Rickard-Clarke, an Stiúrthóir Taighde agus Deirdre Ahern ar chruinniú ar Rioscbhainistiú Leighis ag Ospidéal Thamhlachta, Baile Átha Cliath.

Idir Márta agus Meitheamh, bhual an Coimisiún ar ócáidí difriúla leis an Údarás Iomaíochta, Cónaidhm Árachais na hÉireann agus le baill de Choiste Dlíthíochta Chumann Dlí na hÉireann i gcomhthéacs thionscadal an Choimisiúin ar dhlíthíocht ilpháirtí.

I mí na Márta, d'fhreastail an Coimisinéir Rickard-Clarke, ar an gComhdháil Bhliantúil Athchóirithe Dlí (ALREASA), a tionóladh i Cape Town, An Afraic Theas.

I mí Aibreáin, d'fhreastail an Coimisinéir Rickard-Clarke ar Chomhdháil ar Chaomhnóireacht Phoiblí i mBéal Feirste.

I mí Aibreáin, bhual an tUachtarán, an Coimisinéir Rickard-Clarke agus an Stiúrthóir Taighde le Mary O'Dea, Stiúrthóir Tomhaltóireachta IFSRA, chun plé a dhéanamh ar Dréacht-Chóid IFSRA rud a d'eascair as *Páipéar Comhairliúcháin ar an Dlí agus Daoine Scothaosta* an Choimisiúin i 2003.

I mí Aibreáin, bhual baill den Choiste Náisiúnta Stiúrtha ar Fhoréigean In Aghaidh Mná leis an gCoimisiún ag a chuid oifigí.

I mí Aibreáin, bhual an Coimisinéir Rickard-Clarke le Coiste Athchóirithe Dlí Thuaisceart Éireann i mBéal Feirste chun dlí na hinniúlachta a phlé.

I mí an Mheithimh, reáchtáil an Coimisiún léacht a thug an Breitheamh Uasal Ronan Keane ag Teach Farnleigh, Baile Átha Cliath, do Chomóradh 30 Bliain an Choimisiúin: féach Caibidil 1, thuas. Tá an léacht le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, www.lawreform.ie.

I mí Iúil, thug an tUachtarán, an Coimisinéir Rickard-Clarke, an Stiúrthóir Taighde agus Deirdre Ahern cur i láthair ar mholtaí ar dhaoine fásta soghonta agus an dlí do Ionad Dlí Pobail Bhaile Munna, Baile Átha Cliath.

I mí Iúil, thionóil an Coimisiún cruinniú le hionadaithe ó Rannóg Éireannach Amnesty Idirnáisiúnta ag oifigí an Choimisiúin.

I mí Mheán Fómhair, rinne an tUachtarán cathaoirleacht ar roinnt seisiún ag comhdháil ar Dlí Leas an Phobail agus Dlíthíocht, eagraithe ag FLAC, Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann, Baile Átha Cliath.

I mí Dheireadh Fómhair, bhuail an Coimisinéir Rickard-Clarke agus Catherine-Ellen O’Keefe le Coimisiún Dlí Shasana agus na Breataine Bige agus d’fhreastail ar sheimineár ar Dhaoine in Aontíos Céileachais.

I mí Dheireadh Fómhair, thug an tOllamh Robert Gordon, Ollamh le Dlí Coiriúil ag Ollscoil Simon Frazer, British Columbia, páipéar ag oifigí an Choimisiúin ar Cheartas Íocshláinte agus ar ADR.

I mí Dheireadh Fómhair, d’fhreastail an Stiúrthóir Taighde ar dhíospóireacht a réachtáil an Coimisiún um Chearta an Duine in Éirinn ar Chairt Shóisialta Chomhairle na hEorpa, Baile Átha Cliath.

I mí na Samhna, bhuail an tUachtarán, an Coimisinéir Rickard-Clarke, an Stiúrthóir Taighde agus Catherine-Ellen O’Keefe leis an Uasal Tony Fahey, ESRI, Baile Átha Cliath, chun tionscadal an Choimisiúin ar Dhaoine in Aontíos Céileachais a phlé.

I mí na Samhna, thug an Coimisinéir Rickard-Clarke páipéar ar ríomh-Thíolacadh do Chumann Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath.

I mí na Samhna, thug an Stiúrthóir Taighde páipéar ar mholtaí an Choimisiúin maidir le Bunachar Sonraí DNA do sheimineár eagraithe ag Comhairle Bhitheicé na hÉireann, Baile Átha Cliath.

I mí na Nollag réachtáil an Coimisiún an Dara Comhdháil Bhliantúil ar Chaomhnóireacht: Struchtúr Nua do Dhaoine Fásta, i Halla Uí Raghallaigh UCD, ag ar thug an Coimisinéir Rickard-Clarke páipéar ar mholtaí an Choimisiúin sa réimse seo.

AGUISÍN D

FOILSEACHÁIN AN CHOIMISIÚIN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

An Chéad Chlár chun Brainsí Áirithe den Dlí a Scrúdú D'fhonn iad a Athchóiriú (Nollaig 1976) (Prí 5984)

Páipéar Oibre Uimh 1-1977, An Dlí Maidir le Dlíteanas Tógálaithe, Díoltóirí agus Léasóirí i leith Caighdeán agus Feiliúnacht Áitreabh (Meitheamh 1977)

Páipéar Oibre Uimh 2-1977, An Dlí Maidir le Lánaois, Aois le Pósadh agus Roinnt Ábhar Gaolmhar (Samhain 1977)

Páipéar Oibre Uimh 3-1977, Dlíteanas Sibhialta i leith Ainmhithe (Samhain 1977)

An Chéad Thuarascáil (Bhliantúil) (1977) (Prí 6961)

Páipéar Oibre Uimh 4-1978, An Dlí Maidir le Sárú Gealltanais Pósta (Samhain 1978)

Páipéar Oibre Uimh 5-1978, An Dlí Maidir le Caidreamh Collaí agus Mealladh agus Tearmannú Céile (Nollaig 1978)

Páipéar Oibre Uimh 6-1979, An Dlí Maidir le Meabhlú agus Mealladh agus Tearmannú Linbh (Feabhra 1979)

Páipéar Oibre Uimh 7-1979 An Dlí Maidir le Cailliúint Caidrimh Céile agus Cailliúint Seirbhísí Linbh (Márta 1979)

Páipéar Oibre Uimh 8-1979, Athbhreithniú Breithiúnach ar Ghníomh Riaracháin:

Fadhb na Leigheasanna (Nollaig 1979)

An Dara Thuarascáil (Bhliantúil) (1978/79) (Prí 8855)

Páipéar Oibre Uimh 9-1980 An Riail in Aghaidh Clostráichta (Aibreán 1980)

An Tríú Thuarascáil (Bhliantúil) (1980) (Prí 9733)

An Chéad Thuairisc ar Dlí Teaghlaigh – Caidreamh Collaí, Meabhlú agus Tearmannú Céile nó Linbh, Cailliúint Caidreamh Céile, Díobháil Phearsanta do Leanbh, Meabhlú Linbh, Maoin Phósta agus Sárú Gealltanais Phósta (LRC 1-1981) (Márta 1981)

Páipéar Oibre Uimh 10-1981 Sainchónaí agus Gnáthchónaí mar Ghnéithe Nasctha in Easaontacht na nDlíthe (Meán Fómhair 1981)

An Ceathrú Thuarascáil (Bhliantúil) (1981) (Prí 742)

Tuarascáil ar Dhilteanas Sibhialta i leith Ainmhithe (LRC 2-1982) (Bealtaine 1982)

Tuarascáil ar Áitribh Lochtacha (LRC 3-1982) (Bealtaine 1982)

Tuarascáil ar Neamhdhlisteanacht (LRC 4-1982) (Meán Fómhair 1982)

An Cúigiú Thuarascáil (Bhliantúil) (1982) (Prí 1795)

Tuarascáil ar Lánaois, Aois Phósta agus Roinnt Ábhar Nasctha (LRC 5-1983) (Aibreán 1983)

Tuarascáil ar Aiseag Chearta an Phósta, agus Ábhair Ghaolmhara (LRC 6-1983)

(Samhain 1983)

Tuarascáil ar Shainchónaí agus Gnáthchónaí mar Ghnéithe Nasctha in Easaontacht na nDlíthe (LRC 7-1983) (Nollaig 1983)

Tuarascáil ar Cholscaradh agus Abhair Ghaolmhara (LRC 8-1983) (Nollaig 1983)

An Séú Thuarascáil (Bhliantúil) (1983) (Prí 2622)

Tuarascáil ar Neamhniú Pósta (LRC 9-1984) (Deireadh Fómhair 1984)

Páipéar Oibre Uimh 11-1984 Aitheantas do Cholscarthaí agus Scarthaí Eachtracha

(Deireadh Fómhair 1984)

An Seachtú Thuarascáil (Bhliantúil) (1984) (Prí 3313)

Tuarascáil ar Aitheantas do Cholscarthaí agus Scarthaí Eachtracha (LRC 10-1985) (Aibreán 1985)

Tuarascáil ar Fhuaidireacht agus Cionta Gaolmhara (LRC 11-1985) (Meitheamh 1985)

Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Háige ar Ghnéithe Sibhialta de Fhuadach Leanbh Idirnáisiúnta

agus Roinnt Ábhar Gaolmhar (LRC 12-1985) (Meitheamh 1985)
Tuarascáil ar Inniúlacht agus Inordaitheacht Céilí mar Fhinnéithe (LRC 13-1985) (Iúil 1985)
Tuarascáil ar Chionta faoi Achtanna Póilíní Bhaile Átha Cliath agus Cionta Gaolmhara (LRC 14-1985) (Iúil 1985)
Tuarascáil ar Chonarthaí Mionaoiseach (LRC 15-1985) (August Lúnasa 1985)
Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Háige ar Fhianaise a Thógáil Thar Lear i gCúrsaí Sibhialta nó Tráchtála (LRC 16-1985) (Lúnasa 1985)
Tuarascáil ar Dhliteanas Mionaoiseach i dTort agus Dliteanas Tuismitheoirí as Damáiste Déanta ag Mionaoisigh (LRC 17-1985) (Meán Fómhair 1985)
Tuarascáil ar Dhliteanas Dhaoine le Míchumas Intinne i dTort (LRC 18-1985) (Meán Fómhair 1985)
Tuarascáil ar Ghnéithe Dlí Idirnáisiúnta d'Inniúlacht Phósta agus Rogha Dlí in Imeachtaí Neamhnithe Pósta (LRC 19-1985) (Deireadh Fómhair 1985)
Tuarascáil ar Dhlínse in Imeachtaí Neamhnithe Pósta, Aitheantas d'Fhorairthní Eachtracha Neamhnithe Pósta, agus Coinbhinsiún na Háige ar Cheiliúradh agus Aitheantas do Bhailíocht Póstaí (LRC 20-1985) (Deireadh Fómhair 1985)
An tOchtú Tuarascáil (Bhliantúil) (1985) (PI 4281)

Tuarascáil ar Reachtaíocht na dTréimhsí: Éilimh i Leith Díobhála Neamhfhollasa Pearsanta (LRC 21-1987) (Meán Fómhair 1987)
Páipéar Comhairliúcháin ar Eigniú (December/Nollaig 1987)
Tuarascáil ar Sheirbheáil Doiciméad Thar Lear re Imeachtaí Sibhialta – Coinbhinsiún na Háige (LRC 22-1987) (Nollaig 1987)
Tuarascáil ar Ghlacadh Maoine Goidte (LRC 23-1987) (Nollaig 1987)
An Naoú Tuarascáil (Bliantúil) (1986-1987) (PI 5625)

4.01 Tuarascáil ar Éigniú agus Cionta Bainteacha (LRC 24-1988) (Bealtaine 1988)
Tuarascáil ar an Rial in Aghaidh Clostrácha i gCásanna Sibhialta (Meán Fómhair 1988)
Tuarascáil ar Dhamáiste Mailseach (LRC 26-1988) (Meán Fómhair 1988)
Tuarascáil ar Bhailíú Fiacha: (1) An Dlí Maidir le Sirriamaí (LRC 27-1988) (Deireadh Fómhair 1988)
An Deichiú Tuarascáil (Bhliantúil) (1988) (PI 6542)

Tuarascáil ar Bhailíú Fiacha: (2) Forchoimeád Teidil (LRC 28-1988) (Aibreán 1989)
Tuarascáil ar Aitheantas d'Fhorairthní Uchtaithe Eachtracha (LRC 29-1989) (Meitheamh 1989)
Tuarascáil ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha: (1) Moltaí Ginearálta (LRC 30-1989) (Meitheamh 1989)
Páipéar Comhairliúcháin ar Mhí-úsáid Gnéis Leanaí (Lúnasa 1989)
Tuarascáil ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha: (2) Cumhachtaí Atur na Buanseasmhacha (LRC 31-1989) (Deireadh Fómhair 1989)
An tAonú Tuarascáil (Bliantúil) Déag (1989) (PI 7448)

Tuarascáil ar Mhí-úsáid Gnéis Leanaí (LRC 32-1990) (Meán Fómhair 1990)
Tuarascáil ar Chionta Gnéis in Aghaidh Daoine le Míchumas Intinne (LRC 33-1990) (Meán Fómhair 1990)
Tuarascáil ar Mhionna agus Dearbhascaí (LRC 34-1990) (Nollaig 1990)

Tuarascáil ar Fháiltais ó Choiriúlacht a Choigistiú (LRC 35-1991) (Eanáir 1991)
Páipéar Comhairliúcháin ar an Dlí Sibhialta Clúmhille (Márta 1991)
Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Háige ar Chomharbas ar Eastáit Dhaoine Marbha (LRC 36-1991) (Bealtaine 1991)
An Dara Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1990) (PI 8292)
Páipéar Comhairliúcháin ar Dhíspeagadh Cúirte (Iúil 1991)
Páipéar Comhairliúcháin ar Choir an Leabhail (Lúnasa 1991)
Tuarascáil ar Innéacsú Fíneálacha (LRC 37-1991) (Deireadh Fómhair 1991)
Tuarascáil ar an Dlí Sibhialta Clúmhille (LRC 38-1991) (Nollaig 1991)
Tuarascáil ar Dhlí Talún agus Dlí Tíolactha: (3) An Priacal ag Dul ón Dioltóir go dtí an Ceannaitheoir (LRC 39-1991) (Nollaig 1991); (4) Seirbheáil Fógraí Comhlíonta (LRC 40-1991) (Nollaig 1991)

An Tríú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1991) (PI 9214)
Tuarascáil ar Choir an Leabhail (LRC 41-1991) (Nollaig 1991)

Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe (Vienna) ar Chonarthaí Idirnáisiúnta Díol Earraí 1980 (LRC 42-1992) (Bealtaine 1992)
Tuarascáil ar an Dlí Maidir le Mímhacántacht (LRC 43-1992) (Meán Fómhair 1992)
Dlí Talún agus Dlí Tíolactha: (5) Tuilleadh Moltaí Ginearálta (LRC 44-1992) (Deireadh Fómhair 1992)

Páipéar Comhairliúcháin ar Dhaoradh (Márta 1993)
Páipéar Comhairliúcháin ar Dh liteanas Áititheoirí (Meitheamh 1993)
An Ceathrú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1992) (PN 0051)

Tuarascáil ar Chionta Neamh-mharfacha in Aghaidh an Duine (LRC 45-1994) (Feabhra 1994)
Páipéar Comhairliúcháin ar Chúirteanna Teaghlaigh (Márta 1994)
Tuarascáil ar Dh liteanas Áititheoirí (LRC 46-1994) (Aibreán 1994)
Tuarascáil ar Dhíspeagadh Cúirte (LRC 47-1994) (Meán Fómhair 1994)
An Cúigiú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1993) (PN 1122)

Tuarascáil ar Choinbhinsiún na Háige ag Cur Deireadh le Riachtanas na Dlíthiúlachta do Dhoiciméid Phoiblí Eachtracha (LRC 48-1995) (Feabhra 1995)
Páipéar Comhairliúcháin ar Mheisce mar Chosaint ar Chion Coiriúil (Feabhra 1995)

Tuarascáil ar Leasanna Díoltóra agus Ceannaitheora i dTalamh i rith na tréimhse idir Conradh agus Comhlíonadh (LRC 49-1995) (Aibreán 1995)
Scrúdú ar Dh lí Bannaí (LRC 50-1995) (Lúnasa 1995)
An Séú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1994) (PN 1919)
Tuarascáil ar Mheisce (LRC 51-1995) (Samhain 1995)
Tuarascáil ar Chúirteanna Teaghlaigh (LRC 52-1996) (Márta 1996)

An Séú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1995) (PN 2960)
Tuarascáil ar Dhaoradh (LRC 53-1996) (Lúnasa 1996)
Páipéar Comhairliúcháin ar Príobháideachas: Faire agus Idircheapadh Cumarsáide (Meán Fómhair 1996)
Tuarascáil ar Dhíobháilacha Pearsanta: Íocaíochtaí Tréimhsiúla agus Socraithe Struchtúrtha (LRC 54-1996) (Nollaig 1996)
An tOchtú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1996) (PN 3760)

Páipéar Comhairliúcháin ar Fhorfheidhmiú Thuarascáil na Háige ar Chosaint Leanaí agus Comhoibriú i Leith Uchtaithe Idirthíre, 1993 (Meán Fómhair 1997)
Tuarascáil ar Choinbhinsiún Unidroit ar Ábhair Chultúrtha Goidte nó Easpórtáilte go Mídhleathach (LRC 55-1997) (Deireadh Fómhair 1997)
Tuarascáil ar Dh lí Talún agus Dlí Tíolactha, (6) Tuilleadh Moltaí Ginearálta lena n-áirítear forghníomhú gníomhas (LRC 56-1998) (Bealtaine 1998)
Páipéar Comhairliúcháin ar Dhamáistí Forthromaithe, Eiseamláireacha agus Aiseagtha (Bealtaine 1998)
An Naoú Tuarascáil (Bhliantúil) Déag (1997) (PN 6218)

Tuarascáil ar Phríobháideachas: Faire agus Idircheapadh Cumarsáide (LRC 57-1998) (Meitheamh 1998)
Tuarascáil ar Fhorfheidhmiú Choinbhinsiún na Háige ar Chosaint Leanaí agus Comhoibriú i Leith Uchtaithe Idirthíre, 1993 (LRC 58-1998) (Meitheamh 1998)
Páipéar Comhairliúcháin ar Reachtanna na dTréimhsí: Éilimh i gConradh agus i dTort i Leith Dhamáiste Fhollasaigh (Seachas Díobháil Phearsanta) (Samhain 1998)
An Fichiú Tuarascáil (Bhliantúil) (1998) (PN 7471)

Páipéar Comhairliúcháin ar Dhréachtadh agus Léirmhíniú Reachtuil: *Caint Shoiléir agus an Dlí* (LRC CP14-1999) (Iúil 1999)
Páipéar Comhairliúcháin ar Alt 2 den Acht um Dh liteanas Sibhialta (Leasú), 1964:

Asbhainteacht Sochar Comhthaobhach as Dámhachtainí Damáistí (LRC CP15-1999)
(Lúnasa 1999)
Tuarascáil ar Chamghlacadh (LRC 59-1999) (Deireadh Fómhair 1999)
An tAonú Tuarascáil (Bhliantúil) is Fiche (1999) (PN 8643)

Tuarascáil ar Dhamáistí Forthromaithe, Eiseamláireacha agus Aiseagtha
(LRC 60-2000) (Lúnasa 2000)
An Dara Clár chun brainsí áirithe den dlí a scrúdú d'fhonn iad a athchóiriú: 2000-2007
(PN 9459) (Nollaig 2000)
Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí Thréimhsí Teorann i gcás Caingean ag éirí as Mí-úsáid
Neamhghnéasach Leanaí (LRC CP16-2000) (Meán Fómhair 2000)
Tuarascáil ar Dhréachtadh agus Léirmhíniú Reachtúil: *Caint Shoiléir agus an Dlí*
(LRC 61-2000) (Nollaig 2000)
Tuarascáil ar an Rial i gcoinne Suthaineachtaí agus Rialacha Gaolmhara
(LRC 62-2000) (Nollaig 2000)
Tuarascáil ar Athrú lontaobhas (LRC 63-2000) (Nollaig 2000)

Tuarascáil ar Reachtanna na dTréimhsí: Éilimh i gConradh agus i dTort i Leith Dhamáiste
Fhollasaigh (Seachas Díobháil Phearsanta) (LRC 64-2001) (Márta 2001)
Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Eilimint na hIntinne i nDúnmharú
(LRC CP17-2001) (Márta 2001)
Seimineár ar Pháipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Eilimint na hIntinne i nDúnmharú
(LRC SP 1-2001)
An Tríú Tuarascáil (Bhliantúil) is Fiche (2000) (PN 10629)

Páipéar Comhairliúcháin ar Phionóis do Mhionchionta (LRC CP18-2002) (Márta 2002)
Páipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh i gCásanna a Thionscnaítear ar
Dhiotáil (LRC CP19-2002) (Bealtaine 2002)
Tuarascáil ar Innéacsú Fíneálacha: *Abhbhreithniú ar Fhorbairtí* (LRC 65-2002) (Iúil 2002)
An Tríú Tuarascáil (Bhliantúil) is Fiche (2001) (PN 11964)
Tuarascáil ar Éasúintí agus Brabúis à Prendre a Fháil trí Rúradh (LRC 66-2002) (Nollaig 2002)
Tuarascáil ar Theideal trí Sheilbh Chodarsnach ar Thalamh (LRC 67-2002) (Nollaig 2002)
Tuarascáil ar Alt 2 den Acht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú), 1964: *Asbhainteacht Sochar
Comhthaobhach as Dámhachtainí Damáistí* (LRC 68-2002) (Nollaig 2002)

Páipéar Comhairliúcháin ar Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnais (LRC CP20-2003)
(Eanáir 2003)
Tuarascáil ar Phionóis do Mhionchionta (LRC 69-2003) (Feabhra 2003)
Páipéar Comhairliúcháin ar Thionóntachtaí Gnó (LRC CP 21-2003) (Márta 2003)
Tuarascáil ar Dlí Talún agus Dlí Tíolactha: (7) Cúnaint Dhearfa ar Thalamh Ruilse agus Moltaí
Eile (LRC 70-2003) (Márta 2003)
Páipéar Comhairliúcháin ar Fiosrúcháin Poiblí Lena nÁirítear Binsí Fiosrúcháin
(LRC CP 22 – 2003) (Márta 2003)
Páipéar Comhairliúcháin ar an Dlí agus Daoine Scothaosta (LRC CP 23 – 2003)
(Meitheamh 2003)
Tuarascáil ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Cánach (LRC CP 24 – 2003) (Iúil 2003)
Páipéar Comhairliúcháin maidir le Dlithíocht Ilpháirtí (*Caingne Aicmeacha*)
(LRC CP 25 – 2003) (Iúil 2003)
Páipéar Comhairliúcháin ar Mharú Corparáideach (LRC CP 26 – 2003)
(Deireadh Fómhair 2003)
Páipéar Comhairliúcháin ar Dhúnbhású: Briogadh a Phléadail (LRC CP 27 – 2003)
(Deireadh Fómhair 2003)
Seimineár ar Pháipéar Comhairliúcháin: An Dlí agus Daoine Scothaosta
(LRC SP 2-2003) (Samhain 2003)
An Ceathrú Tuarascáil (Bliantúil) is Fiche (2002)
Páipéar Comhairliúcháin ar Dhlí Ginearálta Thiarna Talún agus Tionónta (LRC CP 28 – 2003)
(Nollaig 2003)

Tuarascáil ar Nós Imeachta Athbhreithniú Breithiúnach (LRC 71-2004) (Feabhra 2004)
Páipéar Comhairliúcháin ar Bhunú Bhunachair Sonraí DNA (LRC CP 29-2004) (2004)
Páipéar Comhairliúcháin ar Mhorgáistí Breithiúnais (LRC CP 30-2004) (Márta 2004)
Páipéar Comhairliúcháin ar Bhosca Bochtán na Cúirte (LRC CP 31-2004) (Márta 2004)
Páipéar Comhairliúcháin ar Chearta agus Dualgais Dhaoine in Aontíos Céileachais (LRC CP 32-2004) (Aibreán 2004)
Páipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Ionchúisimh ó Phianbheitheanna Ró-bhoga sa Chúirt Dúiche (LRC CP 33-2004) (Meitheamh 2004)
An Cúigiú Tuarascáil (Bhlíantúil) is Fiche (2003) (Iúil 2004)
Páipéar Comhairliúcháin ar Athchóiriú agus Nuachóiriú ar Dlí Talún agus Dlí Tíolactha (LRC CP 34-2004) (Deireadh Fómhair 2004)
Tuarascáil ar Ionchúisitheoir Fioscach agus Cúirt Cánach (LRC 72 – 2004) (Nollaig 2004)

Páipéar Comhairliúcháin ar Dlí Iontaobhas – Moltaí Ginearálta (LRC CP 35-2005) (Feabhra 2005)
Páipéar Comhairliúcháin ar Dlí Iontaobhas Carthanais – Moltaí Ginearálta (LRC CP 36-2005) (Feabhra 2005)
An Séú Tuarascáil (Bhlíantúil) is Fiche (2004) (Márta 2005)
Páipéar Comhairliúcháin ar Dhaoine Fásta Soghonta agus an Dlí: Inniúlacht (LRC CP 37-2005) (Bealtaine 2005)
Tuarascáil ar Fhiosrúcháin Phoiblí Lena nÁirítear Binsí Fiosrúcháin (LRC 73-2005) (Bealtaine 2005)
Tríocha Bliain d’Athchóiriú Dlí 1975-2005 (Léacht ag an mBreitheamh Uasal Ronan Keane chun Cothrom 30 bliain bhunú an Choimisiúin a chomóradh) (Meitheamh 2005)
Tuarascáil ar Athchóiriú agus Nuachóiriú Dlí Talún agus Dlí Tíolactha (LRC 74-2005) (July 2005)
Tuarascáil ar Bhosca Déirce na Cúirte: Promhadh Ciontóirí (LRC 75-2005) (Meán Fómhair 2005)
Tuarascáil ar Dhlíthíocht Ilpháirtí (LRC 76-2005) (Meán Fómhair 2005)
Tuarascáil ar Mharú Corparáideach (LRC 77-2005) (Deireadh Fómhair 2005)
Tuarascáil ar Bhunú Bhunachair Sonraí DNA (LRC 78-2005) (Samhain 2005)
Páipéar Comhairliúcháin ar Struchtúir Dhlíthiúla do Charthanais (LRC CP 38-2005) (Nollaig 2005)

